






Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall

County Donegal Vocational Education Committee


# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010










### △ Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéil

Abbey Vocational School, Donegal Town
Carrick Vocational School, Carrick
Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn
Coláiste Chineál Eoghain, Buncrana
Coláiste Phobail Scoil Colmcille, Oileán Thóraí
Crana College, Buncrana
Deele College, Raphoe
Errigal College, Letterkenny
Finn Valley College, Stranorlar
Gairmscoil Chu Uladh, Beál an Átha Móir
Gairmscoil Mhic Diarmada, Arranmore
Magh Éne College, Bundoran
Moville Community College, Moville
Mulroy College, Milford
St Catherine's Vocational School, Killybegs

### ○ Oídeachas Aosaigh

Ballyshannon
Buncrana
Donegal Town
Glengad
Lifford Youthreach
Gort a' Choirce
Letterkenny
Milford

### ☆ Oídeachas Eactríochata Lasmuigh

Gartan Outdoor Education Centre,
Church Hill, Letterkenny

Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall
County Donegal Vocational Educational Committee

## RÁITEAS MISIN

*Tacú le léann inrochtana uileghabhálach agus é a chur chun cinn agus a thairiscint ionas go mbeidh daltaí ábalta iad féin a chumasú lena lánacmhainneacht a bhaint amach.*

# Baill Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall 2010

**Clr Barry O'Neill Chairperson**
Clr David Alcorn
Clr Liam Blaney
Clr Michelle Bradley
Clr Brendan Byrne
Mr Peter Cutliffe
Clr Joseph Doherty
Dr Anne Flood
Ms Sinead Gillespie
Clr Cora Harvey
Ms Marietta Herraghty
Clr Jimmy Kavanagh
Clr Dessie Larkin
Clr Jim Lynch

**Clr Martin Farren Vice-Chairperson**
Ms Bernie Mulhern
Clr Padraig MacLochlainn
Clr Charlie McConalogue
Mr Francis McDaid
Clr Ian McGarvey
Clr Philip McGlynn
Ms Mary McGowan
Clr Elizabeth McIntyre
Clr Padráig Ó'Dochartaigh
Mr Joe O'Donnell
Mary Ellen Orphen
Mr Alan Thompson

# Clár


page

**1. Réamhrá** 0

0

1.1 Réamhrá ó Chathaoirleach CGO Dhún na nGall 0

1.2 Réamhfhocal ó Phríomhfheidhmeannach CGO Dhún na nGall 0

0

**2. Plean Oideachais 2006-2010, Príomhréimsí Tosaíochta** 0

0

**3. Soláthar Seirbhísí Oideachais**

3.1 Forbhreathnú
3.2 Measúnacht ar Riachtanais Oideachais
3.3 Leathnú Soláthair
3.4 Gníomhaíochtaí Breise agus Seach-Churaclaim
3.5 Nuáil
3.6 Seirbhísí don Óige
3.7 Rannán na nAcmhainní Daonna
3.8 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

**4. An Timpeallacht Foghlama**

4.1 Clár Forbartha Caipitiúil
4.2 Tionscnaimh Eile
4.3 Feabhsú Acmhainní
4.4 Cur i bhFeidhm Polasaí
4.5 Cláracha

**5. Forbairt Eagrúcháin**

5.1 Cothabháil agus Forbairt ar Chórais Bainistíochta Daonna, Teicniúil agus Airgeadais
5.2 Oiliúint agus Forbairt
5.3 Tacaíocht agus Tógáil Cumais do Gach Duine a Chuidíonn le hÉifeachtacht an CGO
5.4 Ag Cur Córais Dearbhaithe Cáilíochta i bhfeidhm do Sheachadadh na gClár go léir

# Clár


page

**6. Comhpháirtíocht** 0

- 6.1 Forbhreathnú 0
- 6.2 Áitiúil 0
- 6.3 Réigiúnach 0
- 6.4 Náisiúnta 0
- 6.5 Idirnáisiúnta 0

**7. Íomhá agus Sainaitheantas**

- 7.1 Buaicphointí

**8. Rialachas Corparáideach**

- 8.1 Forbhreathnú
- 8.2 Faisnéis Airgeadais
- 8.3 Rialachas Corparáideach
- 8.4 Coiste Iniúchóireachta
- 8.5 Fochoiste Airgeadais
- 8.6 Rialú Inmheánach

**9. Aguisíní**

- 9.1 Fochoistí CGO Dhún na nGall
- 9.1.1 An Coiste Iniúchóireachta
- 9.1.2 Fochoiste Airgeadais
- 9.1.3 Baill an Bhoird Oideachais Aosaigh
- 9.2 Scoileanna, Coláistí, Ionaid & Seirbhísí
- 9.3 Gluais Giorrúcháin

# 1. Réamhrá



## 1.1 Réamhrá ó Chathaoirleach Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall



Tá lúcháir mhór orm an Cúigiú Tuarascáil Bhliantiúil de Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall don bhliain 2010 a chur in bhur láthair.

Leanann Tuairisc Bhliantúil 2010 le próiseas forbartha agus pleanála sheirbhísí an choiste don todhchaí, a fhreagracht don Aire Oideachais agus Scileanna agus don phobal fríd Phlean Oideachais Stráitéiseach an Choiste 2006—2010 agus a Phlean Seirbhíse 2009.
Bhí sé de phribhléid agam a bheith mar Chathaoirleach ar Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall, atá ar an chúigiú coiste is mó sa tír, agus atá chun tosaigh ag seachadadh seirbhísí oideachais i gCo.Dhún na nGall. Le linn mo thréimhse oifige, bhí mé bródúil as an fuinneamh agus an tiomantas atá san eagraíocht, rud atá cruthaithe ag an méid gnóthachan agus duaiseanna atá faigthe ag na Scoileanna, Coláistí agus Ionaid. Bhí mórán buaicphointí ann i rith 2010, barraíocht le hiad go léir a lua anseo. D'éirigh go hiontach maith le foghlaimeoirí fásta de thairbhe na gclár in oideachas pobail agus oideachas aosach atá ag mealladh daoine le filleadh ar an oideachas agus a gcuid scileanna a fheabhsú chun a bheith ábalta dul i ngleic leis na hathruithe móra inár dtimpeallacht eacnamaíoch. Tá na gnóthachain spóirt atá bainte amach ag ár gcuid Scoileanna agus Coláistí thar a bheith suntasach ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus rinne Gairmscoil na Carraige éacht ar dóigh nuair a bhain siad na trí Chraobhchluiche, an chéad uair riamh, meastar, a raibh na trí teideal ag aon scoil in aon séasúr amháin.


Comhghairdeas le gach uile mac léinn agus le gach uile ball foirne i ngach réimse den eagraíocht.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le traoslú le MaryAnn Kane mar Phríomhfheidhmeannach as ucht a treoir agus a cuidiú domsa mar Chathaoirleach, agus dá foireann dhíograiseach sna hOifigí Riaracháin, sna Scoileanna, Coláistí agus Ionaid a sháraigh na dúshláin a bhí os a gcomhair sa bhliain 2010.

Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe, mar Chomhaltaí den Choiste, agus le mo Leaschathaoirleach, An Comhairleoir Martin Farren, mar gheall ar a dtacaíocht i mo ról mar chathaoirleach agus do na Fochoistí éagsúla agus Comhaltaí Boird a chuidigh le héifeacht rathúil na heagraíochta.

**An Clr Barry O'Neill**
**Cathaoirleach**

## 1.2 Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach



Léiríonn an cúigiú Tuairisc Bhliantúil do 2010 ár n-éifeachtaí agus ár gcuid oibre leanúnach i rith na bliana i ndáil le gnóthachan acadúil, seach-churaclaim agus eagraíochta. Tá an obair seo le feiceáil ar fud na heagraíochta uile, ina n-áirítear 15 Scoil agus Coláiste Dara Leibhéal, ina measc dhá scoil oileáin, 6 Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh, Ionad Eachtraíochta Ghartan, Seirbhísí don Aos Óg, agus an tSeirbhís Oideachas Ceoil.

Lean muid ag díriú ar sheirbhís cháilíochta traenála agus oideachais a sholáthar fríd na cúig théama crosgheartha ar mhaithe le haidhmeanna an Choiste don Phlean Straitéiseach Oideachais 2006-2010 a shásamh.

Feabhsaíodh seirbhísí an Choiste sa bhliain 2010 de bharr gur cuireadh tús leis an tógáil ar ár gcoláiste úr i Srath an Urláir, Choláiste Ghleann Fhinne. Táimid ag súil go mbeidh an fhoirgneamh críochnaithe i mí Mheán Fómhair 2011. Chomh maith leis sin, agus le cead ón Roinn Oideachais agus Scileanna cheannaigh an Coiste suíomh do scoil úr do Choláiste Ailigh i Leitir Ceanainn, le maoiniú ón Chlár Caipitil Forbraíochta, siocair go bhfuil tinreamh na scoile ag méadú bliain i ndiaidh bliana. Tá an scoil curtha san áireamh ag an Roinn sa chéad bheartán eile scoileanna atá le tógáil faoin Pháirtíocht Phríobháideach Phoiblí.

Bhí méadú mór arís in 2010 ar choibhneas na bhfear ar mhian leo fáil isteach ar Chláracha Oideachais d'Aosaigh mar gheall ar éifeacht an chúlaithe eacnamaíochta agus bhí méadú ar líon na rannpháirtithe pobail a raibh suim acu i gcúrsaí creidiúnaithe. D'éirigh go han-mhaith le lainseáil ár ndara Scéim Teanga, faoi fhorálacha Acht na d'Teanga Oifigiúla, a chinntíonn go mbeidh seirbhísí trí mheán na Gaeilge ar fáil. Tháinig leathnú ar na cláracha in Oideachas Ceoil, Cleachtas Aisiríoch agus in Oideachas Pobail i mbliana, rud a chiallaíonn go bhfuil biseach tagtha ar an soláthar seirbhíse go foriomlán. Ó tharla go bhfuil ár bPlean Straitéise 2006-2010 ag teacht chun críche, táimid anois ag tnúth le hullmhúchán a dhéanamh ar an chéad phlean cúig bliana in 2011.

Tá rathúlacht leanúnach na heagraíochta mar thoradh ar shaothar ár bpobal scoile, ár bpáirtithe oideachais agus an chomhpháirtíocht atá idir na 23 Comhalta atá ar Choiste an CGO, na Fochoistí, na Boird, na Grúpaí Oibre éagsúla agus na baill foirne díograiseacha ar fad. Mo bhuíochas fosta don fhoireann sa Roinn Oideachais & Scileanna ar son a gcuidiú. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Chomhlaireoir Barry O'Neill, Cathaoirleach a raibh sé de phribhléid agam freastal air mar Phríomhfheidhmeannach i rith 2010.

Tá súil againn leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí oideachais go héifeachtach ar fud Chontae Dhún na nGall, leis an fhuinneamh agus leis an tiomantas céanna d'ainneoin an cúlú eacnamaíochta, go háirithe in earnáil na gCoistí Gairmoideachais. Táimid ag súil le tabhairt faoin dúshlán stráitéisí agus tuilleadh nuálaíochtaí a fhorbairt sa bhliain atá romhainn.

Ar deireadh, ba mhaith liom, i bpáirtíocht leis an Chathaoirleach, an Clr O'Neill, ár gcomhghairdeas a dhéanamh leis na Comhaltaí, na Mic Léinn agus na Baill Foirne i ngach ceann dar Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus sna hOifigí Riaracháin as ucht an obair chrua agus an chionroinnt a rinne siad don eagraíocht i rith 2010.

**MaryAnn Kane**
**Príomhfheidhmeannach Gníomhach**

# 2. Oideachais 2006-2010 príomhréimsí tosaíochta



D'eascair an Plean Oideachais ó fhorálacha in Ailt 9 agus 30 den Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001, a chuireann d'iallach ar an Phríomhfheidhmeannach Plean 5 Bliana a dhréachtú don eagraíocht faoi stiúir na Foirne Forbartha Straitéise.

Tá siad seo a leanas leagtha amach sa Phlean Oideachais 2006-2010:-

- **Cuspóirí** an CGO
- **Tosaíochtaí** an CGO
- Na **Bearta a nglacfar leo** chun na cuspóirí aitheanta a chur i gcrích

Aithníodh 5 phríomhréimse tosaíochta le haghaidh a thabhairt orthu thar thréimhse an phlean:-

1. Soláthar Seirbhísí Oideachais
2. An Timpeallacht Foghlama
3. Comhpháirtíocht agus Líonrú
4. Forbairt Eagrúcháin
5. Íomhá/Sainaitheantas na hEagraíochta



*Strategy Development Team*

Tá an Lucht Bainistíochta Sinsearach ó na seirbhísí go léir ina mbaill den Fhoireann Forbartha Straitéise agus gach bliain cuireann siad Plean Seirbhíse, atá bunaithe ar na spriocanna sa Phlean Oideachais 2006-2010, faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna.

## 2.1 Soláthar Seirbhíse Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall





Figure 2.1 Soláthar Seirbhíse Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall

# 3. Príomhréimse tosaíochta – soláthar seirbhísí Oideachais



*Seirbhís oideachais agus oiliúna a chur ar fáil shásaíonn na riachtanais atá agus a bheidh ag pobail agus daoine aonair i gContae Dhún na nGall.*

## 3.1 Forbhreathnú

Soláthraíonn CGO Dhún na nGall réimse leathan clár agus seirbhísí oideachasúla ar mhaithe le freastal ar riachtanais dhaoine óga agus dhaoine fásta an Chontae agus na n-oileán i gcuid mhór mhór ionaid éagsúla ar fud an réigiúin. Sa bhliain 2010, chuir seirbhís oideachasúil an Choiste soláthar ar fáil do chóir a bheith 25,571 foghlaimeoir (féach Figiúr 3.1). Áirítear san fhigiúr seo tuairim is 4,764 dalta/foghlaimeoir sna scoileanna dara leibhéal (Figiúr 3.2), 12,489 sna hIonaid Breisoideachais agus Oideachas Aosach (Figiúr 3.3), 6.958 in Ionad Eactraíochta Ghartan agus 1,360 tríd an Chomhpháirtíocht d'Oideachas Ceoil.






**Figure 3.1**
**Total number of Learners in 2010, by Sector**

**Figure. 3.3**
**Co Donegal VEC Adult Education Services - Participation Numbers 1998 - 2010**



Go ginearálta, bhí méadú san éileamh ar chuid de sheirbhísí an Choiste, macasamhail Seirbhísí Oideachais Aosaigh, rud a léiríonn an tionchar atá ag an ghéarchéim eacnamaíochta atá sa tír i láthair na huaire. Lean an Coiste de bheith ag cur ar fáil seirbhísí oideachais do réimse éagsúil foghlaimeoirí, ó aois 1-4 bliain (soláthar naíolainne do pháistí fhoghlaimeoirí fásta atá ag freastal ar chúrsaí i gceithre cinn de shé Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh de chuid an Choiste (i mBun Cranncha, i nGort a' Choirce, i Leitir Ceanainn agus i mBaile na nGallóglach), agus ó 12 bliain suas a bhuí do sholáthar iar-bhunoideachais, breisoideachas agus oideachas aosach. Chomh maith leis sin, chuir an Coiste soláthar ar fáil d'fhoghlaimeoirí ó ilchríocha na hAfraice, na hÁise, na hEorpa, an Mheánoirthir agus ó Mheirceá Thuaidh agus Theas.

Tá soláthar seirbhísí oideachais an Choiste a chur ar fáil i mórán ionad éagsúil ar fud an Chontae, ceantar mór Gaeltachta san áireamh chomh maith le soláthair seibhísí trí mheán na Gaeilge ar Oileáin Thoraí agus Árainn Mhór. Cuirtear an tseirbhís oideachais seo ar fáil in ionaid an Choiste féin nó in ionaid atá glactha ar chíos go lánaimseartha ar bhunús bliana nó ar bhunús for-rochtana níos giorra. I measc ionaid an Choiste féin, áirítear cúig scoil dhéag iar-bhunoideachais, sé Ionad Oiliúna & Oideachais d'Aosaigh, An tIonad Oideachais ar Bhóthar Chill Mhic Réanáin, Leitir Ceanainn, Ionad Eachtraíochta Ghartan agus an Treoirsheirbhís d'Fhoghlaimeoirí Fásta/ Oifig Sheirbhís Tacaíochta d'Oideachas Pobail i mBaile Dhún na nGall, agus i measc na n-ionad atá ar cíos go lánaimseartha, tá Ionad Ógtheagmhála Leifir agus an Treoirsheirbhís d'Fhoghlaimeoirí Fásta i Leitir Ceanainn.

Mar sin féin, cuirtear céatadán mór de sheirbhís oideachais an Choiste, nuair a mheastar é de réir líon na bhfoghlaimeoirí, ar fáil ar bhunús for-rochtana in ionaid pobail agus ionaid acmhainní teaghlaigh, i leabharlanna, i mbunscoileanna agus i scoileanna eile dara leibhéal ar fud an chontae mar pháirt den tsoláthar do Sheirbhísí Oideachais Pobail, soláthar de roinnt oideachas bunaidh agus treoirsheirbhís d'fhoghlaimeoirí fásta, soláthar d'Aonad Soghluaiste T.F. agus soláthar don tseirbhís ceoil. Tá na cláracha agus na seirbhísí maoinithe den chuid is mó ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa, i gcás Ógtheagmháil (Youthreach).


## 3.2 Measúnú ar Riachtanais Oideachais

Ceann de na dúshláin leanúnacha atá os coinne CGO Dhún na nGall ná measúnacht a dhéanamh ar riachtanais oideachais dhaonra an Chontae (146,264), maraon leis an ghá atá ann cláracha agus seirbhísí atá oiriúnach do na riachtanais sin a dhearadh agus a sheachadadh. Sa bhliain 2010, rinneadh measúnú ar richtanais oideachais sna scoileanna iar-bhunoideachais i modhanna éagsúla, iad seo a leanas san áireamh:

- I gColáiste Ailigh, cuireadh ceithre thuairisc chuig tuismitheoirí le linn na scoilbhliana, tuairiscí a bhí bunaithe ar mheasúnacht leanúnach agus scrúduithe.
- Rinneadh riachtanais oideachasúla Ghairmscoil na Carraige a mheas ar bhonn leanúnach ag iomlán na gcruinnithe foirne agus ag cruinnithe seachtainiúla an lucht bainistíochta; ag tús gach scoilbhliain, fágtar cuid den chéad chruinniú foirne ar leataobh don chuspóir seo. Cuireadh tuairiscí ag tuismitheoirí go rialta. Chomh maith leis na tuairiscí rialta, cuireadh tuairiscí indibhidiúla amach má measadh go raibh a leithéid riachtanach agus gur iarr tuismitheoirí iad.
- Chuir Coláiste Chineál Eoghain Polasaí nua le chéile do Riachtanais Speisialta Oideachais. Thug an Síceolaí Oideachais cuairteanna rialta ar an scoil. Chuir duine de na múinteoirí, atá ag déanamh céim i Riachtanais Speisialta Oideachais san am i láthair, straitéisí nua i bhfeidhm agus d'oibrigh sí go dlúth le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.
- I gColáiste Phobail Colmcille i dToraigh, tá cruinnithe éagsúla ag dul ar aghaidh lena chinntiú go bhfaighidh gach dalta cuidiú oiriúnach éifeachtach de réir na riachtanais atá aige nó aici. Thug an SENO (Oifigeach na Riachtanas Speisialta Oideachais) cuairt ar an scoil le labhairt leis na baill foirne go léir.
- Rinne Coláiste Cranncha athbhreithniú agus nuashonrú ar Phlean DEIS na scoile faoi na ceannteidil tábhachtacha seo a leanas: Coinneáil agus Láithreachas na nDaltaí, Litearthacht, Uimhearthacht, Gnóthachtáil Scrúdaithe agus Dul Chun Cinn Oideachasúil, Páirtíocht le Tuismitheoirí agus le daoine eile sa Phobal.
- Lean Coláiste na Daoile ag comhoibriú leis an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (SNTI) d'fhonn cuidiú le baill foirne déileail le daltaí a raibh fadhbanna iompraíochta acu. Rinneadh monatóireacht níos grinne ar dhaltaí chun a chinntiú go rabhthas ag freastal ar a gcuid riachtanas agus feabhsaíodh nascanna leis na seirbhísí síceolaíochta chun go n-aithneofaí riachtanais na ndaltaí.
- Chuir Coláiste an Earagail réimse clár ar fáil do thacaíocht ábhair, cúrsaí tacaíochta do thuismitheoirí, monatóireacht acadúil, cúrsa cuimsitheach Béarla mar Theanga Bhreise (Measúnacht do Chlár Foghlama agus measúnacht leanúnach a bhuí do chruinnithe a reáchtáladh ar bhonn seachtaine.
- Chuir Gairmscoil Mhic Diarmada tús le hathmheasúnú ar riachtanais foghlama na ndaltaí ag deireadh na dara bliana agus ag críoch na bliana chuir daltaí agus múinteoirí measúnachtaí ar fáil ar gach uile chlár.
- I gColáiste Magh Éne déantar measúnú i mí Mhárta gach bliain ar dhaltaí a bheas ag teacht isteach sa chéad bhliain; déantar measúnú leanúnach trí Measúnacht don Fhoghlaim (EAL) i rith na bliana agus déantar scrúduithe in-tí i mí na Nollag, ag Cáisc agus sa tSamhradh. Cuirtear trí thuairisc abhaile le linn na bliana. Chomh maith leis sin, úsáidtear ríomhchláracha chun aimsiú a dhéanamh ar dheacrachtaí léitheoireachta agus fadhbanna eile a mbeadh tuilleadh tacaíochta de dhíth orthu.
- Déanann Coláiste Pobail Bhun an Phobail measúnacht fhoirmeálta ar dhul chun cinn trí huaire sa bhliain agus cuirtear tuairiscí chuig na tuismitheoirí. Déanann múinteoirí measúnacht rialta ar a gcuid ábhar féin a bhuí do thrialacha ranga agus barúlacha scríofa agus béil.
- Rinne Coláiste na Maoile Rua leathnú go dhá lá ar a Chlár Ionduchtúchain do Dhaltaí na Chéad Bhliana; cuireadh Clár um Fheabhsú Treoir ar fáil do Dhaltaí na Cúigiú Bliana agus rinneadh caighdeánú ar thástáil do Dhaltaí na Chéad Bhliana maraon le tástáil arís ag deireadh na chéad bhliana.
- Tá Gairmscoil Chaitríona ag cothú nasc le Múinteoirí Riachtanas Speisialta sna bunscoileanna agus leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais(NEPS) ar mhaithe leis an t-aistriú ón bhunscoil a dhéanamh níos fusa agus daltaí a bhfuil cuidiú de dhíth orthu a aithint ó úsáid Foirmeacha Athbhreithnithe Aistriúcháin. Lena chois sin, eagraíonn an scoil dornán cruinnithe le tuismitheoirí roimh agus i ndiaidh an chlárúcháin.

**Taobh istigh dá chlár Seirbhíse Oideachas Aosaigh, déantar measúnacht ar dhóigheanna éagsúla, iad seo a leanas ina measc:**

- Tháinig méadú ar an ionchur ón Treoirsheirbhís sa chlár BTEI i mbliana arís. Chomh maith le dianchlár a dhearadh do phleanáil ghairme d'fhoghlaimeoirí i ngach clár, idir grúpobair agus seisiúin duine le duine, bhí an Treoirsheirbhís rannpháirteach sa chéim earcaíochta do gach clár, rud a chuidigh go mór le cumas an chláir BTEI na daoine cearta a mheaitseáil leis na cláracha a bhí oiriúnach dóibh. Mar thoradh air sin, thit an líon daoine a bheadh ag fágáil cúrsaí gan iad a chríochnú.
- Maidir leis an Chlár Oideachais Pobail, glacadh treoir ó na rannpháirtithe agus cuireadh soláthar ar fáil a bhí in oiriúint do na riachtanais aitheanta áitiúla.
- Bhí sé soiléir don Treoirsheirbhís d'Fhoghlaimeoirí Fásta i nDún na nGall go dtáinig ardú suntasach ar líon na bhfear a bhí ag lorg oideachas aosach. Tháinig méadú fosta ar na fáthanna a cuireadh i láthair – mhothaigh formhór na gcliant go raibh siad faoi ualach ag tionchar na géarchéime eacnamaíochta agus ar an tséala sin go raibh idirghabhálacha fadtéarmacha gairme ag teastáil uathu chomh maith le hidirghabhálacha do mheabhairshláinte dhearfa agus conas déileáil le dúlagar. Bhí an Treoirsheirbhís pairteach fosta i dtarraingt airde ar na riachtanais oideachasúla a bhí ag daoine a bhí i ndiaidh a gcuid post a chailleadh.
- Chuir an Clár um Fhoghlaim don Saol measúnacht ar fáil do Shaindheacrachtaí Foghlama (m.sh. dyslexia) agus úsáideadh Seiceálaí Scileanna ar mhaithe leis an leibhéal ceart ag an phointe iontrála a mheas go beacht.
- Bhí comhráite ar siúl ar bhonn idir-ghníomhaíochta i ndáil le measúnú ar riachtanais oideachasúla agus an t-ábharthacht atá le soláthar VTOS.
- Chuir Ógtheagmháil agus an IOTS traenáil ar fáil sa dóigh go mbeadh baill foirne in ann measúnachtaí a dhéanamh tríd an Síceolaí Oideachais.
- Bhí 2010 ina bliain thar a bheith dúshlánach do Ghartan. De bharr diantheannadh ar bhuiséid, agus neamhchinnteacht do mhic léinn agus do chustaiméirí Ghartan, bhí sé mar thosaíocht ag an Ionad leibhéil úsáide d'Oideachas Faoin Aer a chothú agus cáilíocht na gcúrsaí a chinntiú. Cuireadh tuilleadh cúrsaí ar fáil ar bhunús for-rochtana – thaisteal baill foirne go dtí scoileanna agus ionaid eile d'fhonn cúrsaí a chur ar fáil ina gceantar féin, áit ar bith a raibh a leithéid fóirsteanach. Bhí sé sin iontach sásúil do chúrsaí dámhachtana an Choiste Náisiúnta Rialaithe agus do chúrsaí ar churaclam Staidéar Comhshaoil.




Figiúr 3.5 Creatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQF)

## 3.3 Leathnú ar an tSoláthar

Rinneadh tuilleadh iarrachtaí i 2010 le leathnú a dhéanamh ar sholáthar na gclár ar tairiscint laistigh de na leibhéil seo maraon le soláthar seirbhíse an Choiste ina iomláine a leathnú. Mar shampla, bhí siad seo a leanas i measc na gclár úr:

- Mhéadaigh an clárúchán scoile i gColáiste Ailigh go dtí 167 dalta, an líon is airde ó bunaíodh an scoil sa bhliain 2000. Chiallaigh sin go raibh tuilleadh cóiríochta de díth agus cuireadh dhá sheomra ranga nua réamhdhéanta ar fáil. Tá an suíomh faoi choinne scoil úr ceannaithe ag CGO Dhún na nGall agus d'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna go dtógfar an scoil mar chuid den chéad grúpa eile scoileanna atá le tógáil faoin Pháirtíocht Phríobháideach Phoiblí.
- Tháinig méadú ar fhoireann teagaisc Choláiste Chineál Eoghain siocair gur ceapadh múinteoirí sna hábhair seo a leanas, Ceol, Gnó, Stair agus Eolaíocht, agus ceapadh Leas-Phríomhoide chomh maith; glacadh dhá sheomra eile ar léas ó Mhuileann Thulaigh Armhaoile agus cuireadh trealamh úrscothach miotalóireachta isteach i gceann amháin de na seomraí nua.
- I gColáiste Phobail Colmcille, Toraigh, múineadh Teanga Chomharthaíocht na hÉireann via Skype ó Bhaile Átha Cliath; tugadh isteach na scileanna traidisiúnta cniotála agus cróiseála agus reáchtáil Tony Mac Ruairí Máistir-ranganna san amhránaíocht ar an Sean-nós do na daltaí.
- I gColáiste Crannach, rinneadh forbairt ar ról an Teagascóra Ranga le bheith in ann tacaíocht a thabhairt do riachtanais tréadacha na ndaltaí. Cuireadh tús le tionscnaimh ar mhaithe le caighdeáin Litearthachta agus Uimhearthachta a fheabhsú, ina n-áirítear bunú Mheitheal Oibre chun na tionscnaimh sin a chur chun tosaigh i measc an fhoireann go léir.
- Rinne Coláiste Crannacha feabhsú fosta ar a chur i bhfeidhm den chur chuige i ndáil le Cleachtas Aisiríoch i measc bhall foirne nuacheaptha, teagascóirí ranga agus meantóirí na ndaltaí.
- Chuir Coláiste na Daoile ranganna breise i Matamaitice agus Fisic ar fáil iar-amscoile. Chomh maith leis sin, cuireadh Seomra Ranga do Thacaíocht Iompraíochta ar fáil maraon le beirt bhall foirne lánaimseartha; rinneadh forbairt ar leabharlann úrnua agus ar spás don JCSP; rinneadh fairsingiú ar an seomra foirne; cuireadh isteach doirse agus fuinneoga nua i ngach áit chun cloí le rialacháin dóiteáin; rinneadh athchóiriú nua-aimseartha ar an Chistin d'Eacnamaíocht Bhaile agus cuireadh Seomra Stórála Ealaíne ar fáil.
- Chuir Coláiste an Earagail tús le Polainnis mar ábhar don A Leibhéal.
- Thug Gairmscoil Mhic Diarmada isteach Sruth Gaeilge do dhaltaí nua na Chéad Bhliana.
- Thug Coláiste Magh Éne isteach Ceol agus Spáinnis do dhaltaí na Chéad Bhliana; déantar Clár na hIdirbhliana a athbhreithniú gach bliain agus a thabhairt suas chun data dá réir.
- I gColáiste Pobail Bhun an Phobail, tá Clár In-seirbhíse IVEA i Modheolaíochtaí Teagaisc ag dul ar aghaidh agus tá na baill foirne a fhaigheann an cúrsa luachmhar in-seirbhíse seo ag malartú a gcuid saineolas le baill foirne eile le linn laethanta pleanála d'fhorbairt scoile.

**Taobh istigh de chlár Seirbhíse Oideachas Aosaigh rinneadh an soláthar a leathnú ar roinnt bealaí ina raibh san áireamh:**

- Bhí cuid mhór spéise i gcónaí i gcláracha BTEI i gCúram Páistí agus Cúram Sláinte cionn is go ndeir Treoirlínte na Roinne nach bhfuil ach na daoine sin a bhfuil an leibhéal creidiúnaithe riachtanach acu i dteideal post. Bhí clár ama na gcúrsaí solúbtha agus in oiriúint do na rannpháirtithe agus a ndualgaisí teaghlaigh. Bhí na leibhéil críochnaithe ard agus is fíorbheagán duine a d'éirigh as na cúrsaí.

- I measc na gclár úr a thairg BTEI in 2010, bhí Obair Óige, Innill Muirí, Gairneoireacht agus Fuinneamh In-athnuaite. Tháinig an éileamh do na cúrsaí seo ó fhir a bhí fostaithe roimhe sin i dtionscal na tógála agus fuair na foghlaimeoirí léargas ar na scileanna agus ar an eolas atá de dhíth chun dul níos faide sna hearnálacha sin.
- Rinneadh comhdhlúthú ar an soláthar treorach do BTEI ar aon dul leis an seachadadh reatha ó VTOS, agus tá an Treoirsheirbhís rannpháirteach sa phróiseas earcaíochta agus ionduchtúcháin atá ag BTEI. Ón aiseolas atá faigthe, is léir gurbh fhiú go mór rannpháirtíocht Foireann na Treoirseirbhíse in earcú Foghlaimeoirí.
- Rinneadh leathnú ar an tsoláthar d'Fhoghlaim Teaghlaigh faoi DEIS agus an Tionscnamh Léitheoireachta/Líonadh Foirmeacha do fheirmeoirí, faoin chlár PEACE III, tríd an Chláir um Fhoghlaim don Saol. Don chéad uair. bhain Ionaid Ógtheagmhála Bhun Cranncha, Ghort a'Choirce agus Leifir tairbhe as an Chlár Girls Active, a eagraíonn Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte, nach raibh ar fáil go dtí seo ach do scoileanna. D'éirigh go hiontach maith leis sna trí ionad.
- Bhí Ionaid Ógtheagmhála Bhun Cranncha agus Ghleann Gad rannpháirteach i dtionscadal do Staidéir Idirchultúrtha, a d'eagraigh Oifigeach Óige Pháirtíocht Forbartha Inis Eoghain. Bhí cáilíocht FETAC Leibhéal 3 i Staidéir Idirchultúrtha agus cáilíocht choibéise Leibhéal 3 i gComhionannas agus Claontacht ag dul leis an tionscadal sin, rud a chuidigh leathnú a dhéanamh ar an churaclam.
- Bhí iomlán na nIonad Ógtheagmhála páirteach san Imeacht Trasteorann do Thiománaithe Óga, a d'eagraigh Grúpa Oibre Dhún na nGall ar Shábháilteacht ar na Bóithre.
- Don chéad uair ón bhliain 2010, rinne an ITTC seachadadh ar an chlár SkillVEC ar fud Dhún na nGall do Chúramóirí Baile FSS, agus leathnaíodh amach an clár Leabharlainne do Ríomhfhoghlaim, faoi FÁS, go dtí gach leabharlann i nDún na nGall, Oileán Árainn Mhór san áireamh.
- Chuir Ionad Eachtraíochta Ghartan ar fáil cúrsaí oiliúna agus measúnachta an Bhoird Náisiúnta Rialaithe, réimse a mheasann Gartan a bheith thar a bheith tábhachtach sna blianta amach romhainn.

**Lean an tSeirbhís Chomhpháirtíochta d'Oideachas Ceoil ar aghaidh ag leathnú a soláthar i roinnt réimsí, iad seo a leanas san áireamh:**

- Cuireadh na seirbhísí ar fáil in dhá ionad teagaisc eile – Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh Bhéal Átha Seanaidh agus Scoil Náisiúnta Loch an Iúir.
- Tugadh isteach ceolchoirmeacha darbh ainm Spring Festival do thuismitheoirí agus do mhic léinn, rud a chuir deiseanna beoléiriúcháin ar fáil dár gcuid mac léinn.
- Leathnaíodh an seachadadh ar theagasc ceoil agus léirthuiscint don cheol chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, a bhuíochas do chláracha maoinithe faoi PEACE III.
- I gcomhar le Ionad Oideachais Dhún na nGall, rinneadh dearadh agus seachadadh ar Chúrsa Samhraidh In-seirbhíse do Mhúinteoirí (Boom, Sing, Kick).
- Teagasc breise curtha ar fáil dár bhfoglaimeoirí a sheineann gaothuirlisí agus na práis de bharr gur cuireadh tús leis an tionscadal North Wind Blows, maoinithe ag Ciste Idirnáisiúnta na hÉireann.

## 3.4 Gníomhaíochtaí Comhchuraclaim agus Seach-Churaclaim

Lean gníomhaíochtaí chomhchuraclaim agus seach-churaclaim lena ról lárnach taobh istigh de sholáthar seirbhís oideachais an Choiste i 2010, chun cur chuige iomlánaíoch don soláthar oideachais d'fhoghlaimeoirí a chinntiú. Ní amháin gur leanadh le gníomhaíochtaí seach-churaclam ach rinneadh iad a leathnú fosta, áit a raibh réimse leathan gníomhaíochtaí á gclúdach ina raibh comórtais ealaíne, tionscadail trasteorainn (Cláir KEY agus LET agus Naisc Chathartha), tionscnaimh fiontair/baince, scéimeanna do scoileanna folláine, taispeántais, Comhairle Óige Dhún na nGall, Duaiseanna Gaisce, cláracha mheantóireachta, ceol (coirmeacha ceoil agus ceoldrámaí) agus drámaíocht, óráidíocht phoiblí, scríbhneoireacht chruthaitheach, tionscadail comhshaoil/rannphairtíocht i gcomórtas na mBailte Slachtmhara, cláir ilmheán agus scannáin, turais choigríche agus malairtí mic léinn agus cúrsaí spioradálta scoile agus turais allamuigh. Bhí siad seo a leanas i measc na gceann a ba shuntasaí:

- Bhain Coláiste an Earagail dhá dhuais sa chomórtas Let's Do Business; chomh maith leis sin, bhain siad an babhta réigiúnach den chomórtas Build A Bank agus d'éirigh leo an dara háit a fháil i mBabhta Ceannais Uile-Éireann; fuair daltaí na hIdirbhliana fríd go dtí an Babhta Ceannais Uile-Éireann i gcomórtas scannaíochta, le scannán dar teideal The Flipside fá thiomáint faoi thionchar drugaí; fuarthas Dámhachtain an Phápa John Paul II agus Duais Dianiarrachta i gcomórtas na mBailte Slachtmhara; d'éirigh go maith leo fosta sa chomórtas Doodle 4 Google.
- Bhí Gairmscoil Mhic Diarmada páirteach i dtionscadal idir rang na hIdirbhliana agus Ionad Lae an oileáin, trínar chruthaigh siad Taipéis a léirigh scéalta agus cuimhní ón oileán.
- Bronnadh Brat Glas ar Ghairmscoil Mhic Diarmada siocair gur cuireadh a Pholasaí do Scoil Ghlas i bhfeidhm go héifeachtach.
- D'éirigh le dalta ón dara bliain i gColáiste Ailigh an 1ad áit i gCúige Uladh a bhaint amach sa chomórtas óráidíochta 'Barúil', agus mar thoradh air sin fuair an dalta cuireadh le bheith páirteach san fhéile 'Rí Chéile' ar Eilean Sgitheanach na hAlban, féile a dhéanann ceiliúradh ar an oidhreacht Cheilteach atá coitianta d'Éirinn agus d'Albain.
- Sa taispeántas SciFest in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, bronnadh seacht nduais chéad áite agus dara háite ar Choláiste Ailigh. Don dar bliain as a chéile, bronnadh an duais don Chumarsáidí Ab Fhearr ar dhalta de chuid Choláiste Ailigh.
- I mí Mhárta, tháinig iar-scolairí agus tuismitheoirí Choláiste Ailigh le chéile i gcuideachta na ndaltaí sinsearacha atá ansin faoi láthair, leis an fhoireann agus le haíonna speisialta agus bhí dinnéar acu in Óstán an Mount Errigal le ceiliúradh a dhéanamh ar bhunú na scoile sa bhliain 2000, deich mbliana ó shin.
- Le linn na bliana, léirigh BEO – Club Gaelach a bhunaigh daltaí na hIdirbhliana i gColáiste Ailigh – sraith de cheolchoirmeacha roc-cheoil sa Lárionad Cultúrtha Réigiúnach i Leitir Ceanainn, le cabhair ó dhaltaí Idirbhliana ó iar-bhunscoileanna eile i Leitir Ceanainn. Bhí deis ag daltaí freastal ar cheardlanna ar laetha na gceolchoirmeacha in éineacht le baill de na grúpaí a bheadh ar stáitse an tráthnóna sin.
- D'eagraigh Coláiste Cranncha togra iar-amscoile do dhaltaí Sinsearacha d'fhonn suíochán mósáiceach a chruthú ar thalamh na scoile agus eagraíodh chaint ó thuismitheoirí ar a bheith ag Maireachtáil le Déagóirí agus ar na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid na láithreáin líonraithe shóisialta.
- Ba é seo an tríú bliain de sholáthar speisialta Choláiste Ghleann Fhinne do dhaltaí le huathachas. Tá Speisialtóirí Teagaisc agus Sainchúntóirí i Riachtanais Speisialta ag ullmhú beirt dá gcuid daltaí faoi choinne scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2011.
- Ghlac ochtar dalta ó Ghairmscoil Chú Uladh páirt sa chomórtas SciFest, san LYIT, faoi threoir a gcuid múinteoirí Fionnuala Amrein agus Nóirín Ní Dhomhnaill. Bronnadh an dara háit ar ghrúpa amháin. Toghadh dalta Idirbhliana ó Ghairmscoil Chú Uladh, Micheál Mac Daibhéid, chuig Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann.
- Chuir Magh Éne drámaíocht agus damhsa hip hap leis na gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Chuir Gairmscoil Chaitríona scileanna staidéir ar an chlár ama do na ranganna go léir don Teastas Sóisearach.

**Spóirt**

Bhí réimse leathan spóirt ar tairiscint agus gnóthaíodh mórán iontu, go háirithe iad seo a leanas:

- Ar an 22 Eanáir 2010, bhí an bhua le Foireann Sacair na Carraige, Faoi16, ar Choláiste Naomh Columba, Srath an Urláir, i gCluiche Ceannais Dhún na nGall. Chiallaigh sé sin go raibh trí chluiche craoibhe bainte acu agus meastar gurbh é sin an chéad uair riamh a raibh na trí chluichí ceannais buaite ag an scoil in aon séasúr amháin. Chuaigh an Fhoireann Faoi 16 ar aghaidh chuig Cluiche Ceannais Uladh ach chaill siad ansin.
- Bhain Barry Quigg, ó Ghairmscoil na Carraige, bonn airgid sa Léim Ard i gComórtas Uile-Éireann na Scol, agus bhí an chomhbhua le Derek O' Driscoll agus Kieron Byrne sa chomórtas do Chorn Cecil King i mí na Bealtaine 2010. Ba é seo an 7ú bliain amach as ochtar a bhain an scoil an corn sin.
- Chuir Gairmscoil Chaitríona Lúthchleasaíocht agus Rugbaí ar churaclam spóirt na scoile.
- Cuireadh tús le rugbaí i gColáiste Magh Éne chomh maith. Tá ag éirigh go hiontach maith leis agus tá Craobhanna Contae buaite ag buachaillí agus cailíní araon.
- Bhí dornán scoileanna páirteach sa chlár Girls Active (Coláiste na Maoile Rua, Coláiste na Daoile, Coláiste an Earagail agus Gairmscoil Chú Uladh).
- Chruthaigh Gairmscoil Mhic Diarmada páirtíocht CLG le Pobalscoil na Rosann.
- Bhí an bhua leis an Fhoireann Faoi 19 ó Choláiste Ailigh i gcraobhchomórtas an Chontae sa Pheil Ghaelach; d'éirigh le daltaí ón scoil boinn Óir agus Airgid a bhuachaint i gcomórtas Lúthchleasaíochta na nGairmscoileanna.
- Bhain Buachaillí Sinsearacha Ghairmscoil Chú Uladh an comórtas Sinsearach B sa Pheil Ghaelach, agus d'imir Séamus Ó hAilís agus Jason Campbell ar Fhoireann na nGairmscoileanna a bhain Craobhchomórtas Uile-Éireann.
- D'éirigh le foireann na mbuachaillí faoi 14 agus foireann na mbuachaillí sinsearacha ó Ghairmscoil Chú Uladh fáil chomh fada le Craobhchomórtais an Chontae.
- Ba iad cailíní Ghairmscoil Chú Uladh a bhain an blitzchomórtas Cispheile a eagraíodh do chailíní na chéad agus na dara bliana, le Pobalscoil Gaoth Dobhair agus Coláiste Chranncha.

Ní raibh gníomhaíochtaí seach-churaclaim teoranta do scoileanna iar-bhunoideachais an Choiste amháin. Sna Seirbhísí d'Oideachas Aosach, eagraíodh mórán gníomhaíochtaí, iad seo a leanas ina measc:

- Bhí Oideachas Pobail rannpháirteach i dTionscnamh Trasteorann, a bhuí do mhaoiniú ó INTERREG IV faoi choinne tionscadal do mhná agus tionscadal a bhí dírithe ar ghanntanas teagascóirí i dTeanga Chomharthaíochta sa réigiún.
- Ina nAonach d'Fhoghlaimeoirí Fásta, dhírigh Treoirsheibhís Dhún na nGall d'Fhoghlaimeoirí Fásta a n-aird ar aimsiú deiseanna úrnua san am éiginnteachta atá ann i láthair na huaire - chun freastal ar riachtanais an phobail go ginearálta.
- Le tacaíocht ón Chiste Forbartha Mac Léinn atá ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA), thug foghlaimeoirí an chúrsa Foghlaim don Saol cuairt ar Ghleann Bheatha, Ballaí Doire, Dáil Éireann agus Clochán an Aifir. Bhí an deis ag foghlaimeoirí aonaracha a gcionroinnt a chur isteach i leabhar de scríbhneoireacht na mac léinn.
- Bhí mic léinn VTOS páirteach i réimse gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid le linn na bliana. Cruinníodh suim iomlán de ¤8,746 do chumainn charthanais. Lena chois sin, bhí an clár rannpháirteach i gcúrsaí do neartú foirniúlachta in Ionad Eachtraíochta Ghartan.
  Le réimse gníomhaíochtaí i rith an chéad leath den bhliain, rinne Ógtheagmháil Ghort a' Choirce comóradh ar a dheich mbliana i mbun oibre.
- Bhain Aisling McEntee, foghlaimeoir 19 bliain d'aois ó Ógtheagmháil Leitir Ceanainn, turas go Strasbourg le bheith páirteach, le hiomlán costas íoctha, in lá Euroscola i bParalimint na hEorpa in éineacht le daoine óga eile ó gach cearn den Eoraip, duais a bhain sí in éineacht le 32 duine óg eile ón tír seo i ndiaidh di cur isteach ar Chomórtas Iontabhais Oideachais Michael Sweetman Tá an comórtas seo oscailte do mhic léinn i mBliain a 2 san Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus tacaithe ag Cumann Gairmoideachais na hÉireann.

- I mí Aibreáin, reáchtáladh an blitz contae d'Ógtheagmháil (comórtaisí peile faoi dhíon, babhlála agus púil).
- Eagraíodh Laethanta Duaise san Ionad Oiliúna Taistealaithe Seanórtha agus in Ionaid Ógtheagmhála Bhéal Átha Seanaidh, Bhun Cranncha agus Ghort a'Choirce le comóradh a dhéanamh ar ghnóthachain na bhFoghlaimeoirí.
- Bhí a Lá Oscailte Bliantúil ag Ógtheagmháil Bhun Cranncha i mí Mheithimh agus a nDíolachán Earraí i mí na Nollag.
- D'eagraigh Ógtheagmháil Bhéal Átha Seanaidh seachtain inar cuireadh sláinte chun cinn.
- Bhí Ionaid Ógtheagmhála Bhun Cranncha/Ghleann Gad agus Gort a'Choirce páirteach i dtionscnaimh glantúcháin baile/trá ina gceantar féin.
- Mar is gnách, foilsíodh nuachtlitir Ógtheagmháil/IOTS ceithre huaire le linn na bliana.

**Bhí siad seo a leanas i measc gníomhaíochtaí breise agus comhchuraclaim Sheirbhís Ceoil CGO Dhún na nGall:**

- Don chéad uair, sheinn Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall ar an stáitse sa Cheoláras Náisiúnta mar chuid d'Fhéile Náisiúnta na gCeolfhoirne Óige, a d'eagraigh Cumann Cheolfhoirne Óige na hÉireann i mí Feabhra.
- Lean an Clár Tuned In, maoinithe ag Peace III, ar aghaidh (Feabhra – Aibreán 2010).
- Rannpháirtíocht sa Lá Náisiúnta Love Live Music a d'ofráil léiriúcháin ceoil saor in aisce don phobal i mí Aibreáin.
- I mí Dheireadh Fómhair, ghlac Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall páirt sa chlár Sunday Miscellany ar RTÉ Raidió 1.
- Chuir Concerto Malaga (An Spáinn) Máistir-ranganna ar fáil do bhaill Cheolfhoireann Aireagail Dhún na nGall agus ina dhiaidh sin sheinn siad i gcuideachta a chéile i nDún na nGall, i Sligeach agus ar an tSrath Bán i mí Dheireadh Fómhair.
- Cuireadh tús leis an tionscadal trasteorann, North Wind Blows, maoinithe ag Ciste Idirnáisiúnta na hÉireann, d'fhonn comhoibriú le banna píob agus banna prais.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do chuairt bhliantúil an Apple Hill Quartet (Boston) a bhuí do thraenáil agus ceardlanna i gceol aireagail a fuair roinnt dár mac léinn i mí na Nollag.
- Bhí imeachtaí nuálacha ar siúl arís i nGartan do Lá na gCosán Náisiúnta agus don tSeachtain Oidhreachta.

## 3.5 Núail

Bhí nuáil ina gné leanúnach de sholáthar seirbhíse an Choiste i 2010. Léiríodh é seo ar dhóigheanna éagsúla, mar shampla:-

- Chuir Coláiste Chineál Eoghain ar fáil rannganna iar-amscoile in Ullmhúchán do Scrúduithe; araid múirín; cluichí ag am lóin agus club siúil agus club ceoil (i rith Seachtain na Gaeilge).
- Istigh i dToraigh, bhí daltaí na hIdirbhliana páirteach i dtionscadal mionghnó, ag déanamh soapa ó fheamnach. Fosta, ullmhaíodh suíomh gréasáin Thoraí don lainseáil oifigiúil.
- Bhunaigh Coláiste Crannach fochoiste foirne ar mhaithe le smaoineamh ar thionscnaimh a spreagfadh ardú ar Ghnóthachan Dalta, i gcomhar leis an LDS.
- Chuir Coláiste na Daoile clár aistrithe do dhaltaí a bheadh ag teacht isteach sa chéad bhliain ar fáil ar feadh dhá lá i mí na Bealtaine. Cuireadh tús le meantóireacht don chéad bhliain ó dhaltaí na ceathrú bliana agus cuireadh cúrsaí i mBunleibhéal Gaeilge agus 'Ag Maireachtáil le Déagóirí' ar fáil do thuismitheoirí.
- I gColáiste an Earagail, bhí rath ar Mhionchomhlacht na hIdirbhliana i mbliana arís. D'éirigh go hiontach maith leis an Seó Tallainne Xtreme a ndearnadh óstáil air do pháistí bunscoile. Cuireadh bia go hiomlán folláin ar fáil sa cheaintín; cuireadh tús le córas luaíochta do láithreachas; bhronn an FAI an Dámhachtain do Chaighdeáin Peile Idirchultúrtha ar an mhúinteoir Corpoideachais, Robert Fasisiak; bhain Chris Cannon, dalta Idirbhliana, turas go Ceanada mar thoradh ar a shármhaitheas sa chlár KEY.

- I nGairmscoil Mhic Diarmada, bunaíodh Coiste na Scoileanna Folláine don chéad uair; bunaíodh Cumann Gaeilge chomh maith agus d'éirigh leis na baill duais Uladh a bhuachaint i gComórtas Náisiúnta Ghlór na nGael 2010; tugadh isteach an clár 'Steer Clear Drive Safely'; reáchtáladh Seachtain Feasachta Frithbhulaíochta agus beartaíodh nuachtlitir a fhoilsiú uair sa mhí; tugadh isteach clár sé seachtaine i bhfeabhsúchán litrithe do na grúpaí go léir; tosaíodh ar an chlár "Eochairfhocail" do dhaltaí na Chéad Bhliana agus na Dara Bliana; bunaíodh Club Comhrá chun cuidiú le daltaí a gcuid Gaeilge labhartha a fheabhsú agus, ar deireadh, chuaigh daltaí atá ag staidéar Fraincise i mbun cumarsáide le ríomhphoist agus litreacha lena gcomhghleacaithe i bPáras ar mhaithe lena gcumas labhartha agus scríofa sa Fhraincis a fheabhsú.
- I gColáiste Magh Éne, tá múinteoirí anois ag úsáid Ríomhleabhair sna seomraí ranga don teagasc agus don fhoghlaim.
- Rinne Coláiste na Maoile Rua forbairt ar Chlub Obair Baile, cuireadh tacaíocht iar-amscoile ar fáil i gcomhair Matamaitice agus Béarla, agus feabhsaíodh suíomh gréasáin an choláiste de bharr gur cuireadh leathanacha d'obair bhaile agus treoir staidéir san áireamh ann.

Cuireadh dornán clár nuálach ar fáil sna Seirbhísí d'Oideachas Aosaigh, mar shampla:

- Thairg an Treoirsheirbhís traenáil chuimsitheach i scileanna agallaimh agus i lorg fostaíochta d'fhoghlaimeoirí BTEI tríd an chlár Winning New Opportunities.
- Chuir Oideachas Pobail cúrsaí gairneoireachta ar fáil ar mhaithe le níos mó fir a mhealladh le bheith rannpháirteach.
- Rinne an Treoirsheirbhís d'Fhoghlaimeoirí Fásta a ghrúpthreoir a leathnú chuig daoine ón phobal ginearálta; eagraíodh seisiúin eolais ar altranas, paraleigheas, trialacha inniúlachta agus ráitis phearsanta do CAO/UCAS.
- Rinne an Clár um Fhoghlaim don Saol forbairt agus seachadadh ar chlár imeasctha spóirt in dhá áit agus ar chlár imeasctha turasóireachta in áit amhain.
- Chuaigh chóir a bheith daichead ball foirne ó Ógtheagmháil agus ón IOTS i mbun an chúrsa 'Oiliúint don Oiliúnóir', FETAC leibhéal 6.
- Chomh maith leis sin, chuaigh baill foirne ón IOTS i mbun cúrsa in 'Oiliúint Idirchultúrachais' le foireann SDOG.
- Rinne Ionad Ógtheagmhála Leitir Ceannainn óstáil ar a gcéad Lá Oscailte.
- Chuir Seachtain Oiliúna Bhliantúil d'iomlán bhaill foirne Ógtheagmála i mí Lúnasa deis líonraithe iontach ar fáil do bhaill foirne ó na hionaid go léir.
- Don chéad uair, rinne an tIonad Oiliúna i dTeicneolaíocht Faisnéise seachadadh ar chúrsa i dTeicneolaíochtaí In-athnuaite (Miondhámhachtain FETAC Leibhéal 5) i Leitir Ceanainn, maoinithe ag an Chiste do Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair.
- Dhearaigh agus sholáthar Ionad Eachtraíochtaí Ghartan dianchúrsa trí seachtaine in Oideachas Eachtraíochta do chlár RTÉ darbh ainm "Teens in the Wild". Craoladh an clár i dtús na bliana 2010, thar ceithre seachtaine le linn buaic-amanna féachana. In éineacht leis an Síceolaí David Coleman, thug an tIonad an cúrsa seo go dtí cuid de na ceantair is áilne agus is fiáine i nDún na nGall, ag cur sainthaispeántas dár gcontae ar scáileán.
- Lena chois sin, rinne Gartan dearadh agus soláthar ar Dheireadh Seachtaine Rothaíochta inar eagraíodh gníomhaíochtaí rothaíochta agus ceardlanna ar Scileanna Rothaíoichta ar Bhóithre agus ar Shléibhte, Rothaíocht Shábháilte do Pháistí, Cothú agus Cothabháil Rothair san áireamh.
- I measc gníomhaíochtaí nuálacha a rinne an tSeirbhís Ceoil, sheinn Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall i gceolchoirm i gcuideachta an ghrúpa traidisiúnta idirnáisiúnta Altan i mí Iúil 2010, agus sheinn siad ceol trialach nuachumtha i mí Dheireadh Fómhair i gClós Báid Uí Mhaonaigh sna Cealla Beaga, mar pháirt den tionscadal Lovely Weather a reáchtáil Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Contae Dhún na nGall.

## 3.6 Seirbhís don Óige

### 3.6.1 Tionscnamh an Chreatlaí Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (NQSF)

Is uirlis tacaíochta agus forbartha atá sa Chreatlach Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta d'earnáil na hoibre don aos óg. Cuireann sé ar fáil creatlach struchtúrtha trínar féidir obair don aos óg a mheas, a aithint agus a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag an NQSF a chinntiú go gcuirfidh Seirbhísí agus Eagraíochtaí um Obair don Aos Óg seirbhísí den chéad scoth ar fáil do dhaoine óga. Cuireann sé deis ar fáil fosta chun a gcleachtas a chur in iúl trí theanga choitianta laistigh de chreatlach struchtúrtha. Is é an ról atá ag an Oifigeach Óige ná tacaíocht agus feidhm mheasúnachta sheachtraí a chur ar fáil. Soláthraíonn an fheidhm thacaíochta treoir do chur i ngníomh an NQSF agus soláthraíonn an fheidhm mheasúnachta sheachtraí bailíocht don phróiseas féinmheasúnachta.

Tugadh cuireadh d'Oifigeach Óige an CGO agus do na Tionscadail don Óige a ndearnna CGO Dhún na nGall maoiniú orthu, agus a bhí rannpháirteach i dtogra píolótach QSF, i.e. Ionad Eolais don Óige agus Tionscadal don Óige i mBaile Dhún na nGall (Foróige) agus an tIonad Eolais don Óige i Leitir Ceanainn agus an tionscadal darb ainm DayBreak (Seirbhís Óige Dhún na nGall Teo.), tugadh cuireadh dóibh ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Barry Andrews, a bheith páirteach sa lainseáil oifigiúil den Chreatlach Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta in Obair don Aos Óg i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 27 Iúil 2010; an chéad chreatlach náisiúnta cáilíochta a chinnteoidh go mbeidh seirbhísí den chéad scoth curtha ar fáil do dhaoine óga.

Níos luaithe sa bhliain 2010, b'eigean don Oifigeach Óige freastal ar chruinnithe eolais agus measúnachta de chuid an NQSF, a d'eagraigh an Measúnóir Náisiúnta Óige. Eagraíodh próiseas comhairliúcháin chun dul i gcomhairle le daoine, seirbhísí agus eagraíochtaí a raibh baint acu le hobair don óige nó le soláthar polasaí don dréacht dheireanach don Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'earnáil na hoibre don aos óg. Thacaigh seisiúin athbhreithnithe agus imeachtaí traenála, a d'eagraigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an phróiseas seo.

I mí na Samhna, cuireadh tús le sraith comhairliúcháin le hOifigigh Óige d'fhonn Cairt Caighdeán a fhorbairt do Chlubanna/Grúpaí Óige áitiúla. Is é an chuspóir atá leis seo ná tacaíocht a thabhairt do chlubanna chun cláracha agus gníomhaíochtaí forásacha den scoth a chruthú agus a chur ar fáil do dhaoine óga i dtimpeallachtaí sábháilte cuidiúil agus ceangal agus leanúnachas caighdeáin a chinntiú a bhuí do sholáthar faoi threoir na foirne.

### 3.6.2 Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla

Rinne CGO Dhún na nGall riarachán ar shuim iomlán de ?52,660 i ndeontais bheaga do 90 grúpa/club óige i ngach cearn den chontae, faoin Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla, faoi choinne gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus oideachasúla; costais reáchtála; riarachán, oiliúint do cheannairí, ceannach trealaimh agus cláracha neamhfhoirmeálta speisialta oideachasúla agus oiliúna. Tá an Deontas do Chubanna Óige Áitiúla mar aitheantas ar an iliomad de ghrúpaí/clubanna óige atá sa chontae agus bristear síos é in dhá chatagóir, mar a leanas:

- Deontas Club um Obair don Óige
- Deontas Club um Ghníomhaíochtaí don Óige

### 3.6.3 Tionscadail Speisialta don Óige

Cuireadh ceithre iarratas ar mhaoiniú faoi bhráid Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Cuireadh a macasamhail d'iarratais isteach sa bhliain 2009 agus d'éirigh leo maoiniú a fháil don bhliain 2010. Tá sé mar aidhm ag an fhormaid leasaithe tuairiscithe agus iarratais a tugadh isteach cuíchóiriú agus caighdeánú a dhéanamh ar na riachtanais tuairiscithe agus formáide agus comhoiriúnacht a chinntiú leis an Chreatlach Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta d'Obair don Óige. Tá sé ar intinn chomh maith dúbláil i dtuairisciú a laghdú agus déanamh cinnte go bhfaightear an t-eolas beacht atá riachtanach ó thionscadail agus ó sheirbhísí atá ag fáil maoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

### 3.6.4 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas

Chríochnaigh 25 Ceannaire Óige cúrsa i Réiteach Coimhlinte, Idirghabháil agus Cleachtas Aisiríoch (FETAC Leibhéal 6). Lena chois sin, eagraíodh ceardlanna i Réiteach Coimhlinte, Idirghabháil agus Cleachtas Aisiríoch do dhaoine Óga i gCarn Domhnach agus i mBaile Dhún na nGall. Bhí sé mar chuspóir ag an chlár comhionannas a chur chun cinn agus a bheith báúil don éagsúlacht, le béim mhór ar réiteach coimhlinte, idirghabháil agus cleachtas aisiríoch. I gcomhar leis an FSS, cuireadh Tionscadal i gCáilíocht Beatha, ina raibh suirbhéanna agus ceardlanna, i gcrích le 207 duine óg i gceithre cheantar i gContae Dhún na nGall, siad sin Bun an Phobail, An Fál Carrach, Bun Dobhráin agus Na Cealla Beaga. Fuair an tionscadal seo maoiniú ó Chlár PEACE III atá a bhainistiú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall do Chlár Speisialta an Aontais Eorpaigh. Chuidigh an tOifigeach Óige le cur le chéile an iarratais a chur CGO Dhún na nGall faoi bhráid Thogra Gníomhphlean an Chláir um Shíocháin agus Athmhuintearas 2011-13.

### 3.6.5 Coiste Seirbhísí na bPáistí

Bunaíodh Coiste Seirbhísí na bPáistí ar mhaithe le saol páistí, daoine óga (agus a dteaghlaigh) a shaibhriú agus a fheabhsú anseo i nDún na nGall. Tá sé mar chuspóir seirbhísí feabsaithe do pháistí a chur i bhfeidhm, bunaithe ar thacar d'iarmhairtí comhaontaithe náisiúnta atá coitianta do réimse soláthraithe reachtúla áitiúla. Tá an tOifigeach Óige ina bhall de dhá mheitheal oibre: Faisnéis agus Oideachas agus Foghlaim do Pháistí. Bhí an tOifigeach Eolais páirteach sa phróiseas measúnachta ar Chaiféanna Óige agus mar thoradh ar an mheasúnacht sin moladh go mbeadh Tionscadal Óige an Oirdheiscirt agus an tIonad Buail-Isteach i Sraith 1 agus Club Óige Chaisleán na Finne i Sraith 2.

### 3.6.6 Cumann na nOifigigh Óige in Éirinn

Bunaíodh Cumann na nOifigigh Óige ar mhaithe le bheith ina eagras ionadaíochta proifisiúnta a bheadh in ann tionchar a bheith aige ar pholasaí, dea-chleachtas a fhorbairt agus a roinnt agus tacaíocht a chur ar fáil do na baill. Bhí an chéad CGB ag an Chumann i mBaile Átha Luain ar an 7 Deireadh Fómhair 2010.

Tá ionadaíocht ag an Oifigeach Óige ar na Grúpaí Stiúrtha seo a leanas:

An Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí - is é an príomhchuspóir atá ag an Tascfhórsa ná dul i ngleic le húsáid drugaí mídhleathacha trí cur chuige comhpháirtíochta ina bhfuil ionadaithe ó na hearnálacha reachtúla, deonacaha agus pobail.

Comhairle na nÓg/Comhairle Chontae Dhún na nGall – Comhairle na nÓg atá tofa go daonlathach agus a dhéanann ionadaíocht don aos óg i ndáil le cinnteoireacht ar shaincheisteanna agus polasaithe a bhaineann leo go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta. Tá an tOifigeach Óige páirteach chomh maith san fhoghrúpa um Chuimsiú atá ag fiosrú bealaí ina bhféadfaí níos mó daoine óga a mhealladh chun tairbhe a bhaint as Comhairle na nÓg.

Comhlacht Forbartha Inis Eoghain – foghrúpa Pobail agus Forbairt Óige atá i bhfách le hiarmhairtí dearfacha a bhaint amach i saol na ndaoine óga in Inis Eoghain.

BeLonG To Youth Group – do dhaoine óga a bhfuil claonadh Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach acu. Tá an grúpa seo tiomanta chun forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar thacaíochtaí oiriúnacha, inrochtana agus sábháilte a sholáthar do na daoine óga seo i nDún na nGall.

Coiste Seirbhísí na bPáistí – bíonn an tOifigeach Óige i láthair ag cruinnithe na bhfoghrúpaí d'Oideachas agus Foghlaim do Pháistí, Faisnéise agus an fóghrúpa 'Slán Sábháilte'.

## 3.7 Rannán na nAcmhainní Daonna

**Réamhrá**

Cuireann Rannán na nAcmhainní Daonna i CGO Dhún na nGall tacaíocht ar fáil i gceithre réimse faoi leith: Riarachán Acmhainní agus Saoire, Earcaíocht agus Roghnúchán, Feidhmeanna Ginearálta Acmhainní Daonna agus Aoisliúntas/Pinsin.

Bhí tionchar suntasach ag reachtaíocht chosanta, i.e. na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Páirtaimseartha), 2001 agus (Oibrithe ar Théarma Socraithe), 2003, maraon leis na comhaontuithe comhchoiteann a tharla dá mbarr, ar bhaill foirne an Rannán Acmhainní Daonna i rith 2010.

### 3.7.1 Líon na nPost ceaptha i 2010

| Post | Líon Post |
|---|---|
| Príomhoidí | **1** |
| Leas-Phríomhoidí | **2** |
| Múinteoirí (Páirtaimseartha Pro-Rata) | **43** |
| Múinteoir Idirchaidrimh d'Iompraíocht Dhearfa | **3** |
| Cúntóirí Riachtanais Speisialta | **7** |
| Comhordaitheoir d'Ógtheagmháil | **1** |
| Oibrithe Acmhainne d'Ógtheagmháil | **2** |
| Bainisteoir Forbartha Ceoil | **1** |
| Comhordaitheoir don Chlár Críochnaithe Scoile | **1** |
| Comhordaitheoir Tionscadail Peace III | **1** |
| Éascaitheoir Tionscadail Peace III | **1** |

Chomh maith leis an mhéid thuasluaite, baintear úsáid as acmhainní fosta ar mhaithe le postanna Ócáideacha agus Neamh-Ócáideacha a líonadh i Scoileanna/Coláistí/Ionaid an Choiste. Sa bhliain 2010, ceapadh 29 duine faoi choinne postanna den chineál sin tríd na gnásanna Earcaíochta agus Roghnúcháin.

### 3.7.2 Foireann Teagaisc

Ar mhaithe le líon na múinteoirí do scoileanna dara leibhéil a dheimhniú, tosaíonn próiseas i mí Dheireadh Fómhair gach uile bhliain trína gcuirtear leithdháileadh táscach na múinteoirí, bunaithe ar uimhreacha tinrimh dara leibhéil na scoilbhliana roimhe sin, ar aghaidh chuig gach Scoil/Coláiste dara leibhéal. Ceadaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna breis leithdháileadh múinteoirí mar a leanas:

- Tríd an phróiseas achomhairc chuig Leithdháileadh Tosaigh na Roinne, mar thoradh ar mholtaí mionsonraithe ó gach scoil/coláiste i ndáil le géar-easnaimh churaclaim. Maireann an phróiseas seo ó mhí Feabhra go mí Mheithimh.
- Iarratais ar acmhainní i ndáil le riachtanais speisialta, foghlaimeoirí ón Lucht Siúil agus foghlaimeoirí nach Náisiúnaigh iad.
- Tuilleadh iarratas ag baint le huaireanta cúitimh do Chomhordaitheoir na gClár agus Stiúrthóirí Oideachais d'Aosaigh, lamhaltais curaclaim agus Cláracha iar-Ardteistiméireachta.
- Leithdháileadh a nochtann ó chláracha macasamhail an Clár Críochnaithe Scoile agus DEIS.

Ba é 397.91 Coibhéis Lánaimseartha an Leithdháileadh deiridh Múinteoirí do Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall do mhí Mheán Fómhair 2010 (an scoilbhliain 10/11).

### 3.7.3 Foireann Riaracháin

Déanann an Roinn Oideachais & Scileanna leithdháileadh ar an Fhoireann Riaracháin ar an bhunús seo a leanas:-

- de réir na bhfoirmlí comhaontaithe atá leagtha síos i dTuarascáil Rochford agus comhaontú ina dhiaidh sin ar leibhéil an tsoláthair foirne sna Coistí Gairmoideachais, agus

- ar bhunús cláir.

Cuirtear Tuarascálacha chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna dhá uair sa bhliain i ndáil lena leibhéal ceadaithe feidhmíochta ina leith seo.

Sa bhliain 2010, bhí 72 ball foirne riaracháin fostaithe i bPríomhoifigí Riaracháin an Choiste, sna hIonaid, sna Coláistí agus sna Scoileanna. Bhí leibhéal na foirne riaracháin ionann le 7.22% den bhuiséad pá foriomlán.

### 3.7.4 Foireann Tacaíochta

Déantar Ball Foirne Tacaíochta a leithdháileadh de réir líon agus méid na Scoileanna/Coláistí agus caighdeán/acmhainn na cóiríochta a úsáidtear i ngach cás. Bhí iomlán de 51 ball foirne tacaíochta fostaithe i bPríomhoifigí Riaracháin an Choiste, sna hIonaid, sna Coláistí agus sna Scoileanna le linn na bliana 2010. Bhí leibhéal na foirne tacaíochta ionann le 3.38% den bhuiséad pá foriomlán.

## 3.8 Sochair Aoisliúntais agus Pinsin Scoir





**Taispeánann Tábla 3.2 sonraí oibriúcháin an Rannáin Pinsin don bhliain 2010: Ainm na Scéime: An Scéim Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) (Comhdhlúthú), 1998.**

| Mír | Sonraí |
|---|---|
| Líon na ndaoine a d'éirigh as obair in 2010 | 16 |
| Líon iomlán na ndaoine a d'éirigh as obair | 186 (an figiúr thuas san áireamh) |
| Líon na bhfiosrúchán nua sa bhliain reatha | 242 |
| Líon na bhfiosrúchán curtha i gcrích | 329 |
| Líon na bhfiosrúchán á bpróiseáil suas go dtí 31/12/2010 | 361 |
| Ciorcláin/ Comhaontuithe Comhchoiteann a raibh tionchar acu ar an Scéim Pinsin (Pen) in 2010. | Ciorcláin Íocaíochta 04/2010 10/2010 15/2010 i ndáil le hAoisliúntas Inphinsin do bhaill ag scoir.<br><br>Cur i bhfeidhm na Scéime Athbhreithnithe do Phinsean Comhtháthaithe Pro Rata |
| Nithe a raibh tionchar acu ar an ualach oibre. | CL25/2008 – Saincheisteanna Leanúnacha ag nochtadh Meitheal Oibre Pinsin IVEA. |

**Tábla 3.2 Mír Pinsin do 2010**

## 3.9 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Cuireann Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn i gCoiste Gairmoideachais Dhún na nGall cabhair dheontais ar fáil, tríd na Seirbhísí Corparáideacha, do mhic léinn as Dún na nGall atá ag déanamh staidéir i Scoil/Coláiste/Ollscoil i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann, i Sasain, in Albain agus sa Bhreatain Bheag.

### 3.9.1 Cuirtear maoiniú ar fáil faoi thrí Scéim, mar a leanas:-

**(i) Deontas Cothabhála Tríú Leibhéal an Choiste Gairmoideachais (CGO):** clúdaíonn sé seo mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí aitheanta céime onóracha in Institiúidí tríú leibhéal, Ollscoileanna san áireamh. Fosta, clúdaíonn sé mic léinn atá ag déanamh staidéir do chúrsaí céime onóracha in Institiúidí Teicneolaíochta, mic léinn ag déanamh staidéir do chúrsaí Ard-Dioplóma Náisiúnta i dTuaisceart Éireann, mic léinn ag déanamh staidéir do chúrsaí aitheanta céime i dTuaisceart Éireann, mic léinn ag déanamh staidéir do chúrsaí aitheanta céime in Institiúidí Tríú Leibhéal i mBallstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus mic léinn ag déanamh cúrsaí iar-chéime in Éirinn.


**(ii) Deontas Cothabhála d'Oiliúnaithe Tríú Leibhéal (OTL/TLT):** clúdaíonn sé seo cúrsaí i dTeastas Náisiúnta dhá bhliain agus cúrsaí Bunchéime trí bliana a déantar sna hInstitiúidí Teicneolaíochta.

**(iii) Deontas Cothabhála Tríú Leibhéal Iar-Ardteistiméireachta (IAT/PLC):** clúdaíonn sé seo cúrsaí aitheanta Iar-Ardteistiméireachta a mhaireann ar feadh bliain amháin, ar a laghad, agus a chuirtear ar siúl in Ionaid ar fud na tíre atá aitheanta do chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta.

Cuireann an Rannán Tacaíochta Mac Léinn tacaíocht agus treoir ar fáil don phobal ag Aontaí, Laethanta Gairme agus Laethanta Oscailte agus trí chainteanna a thabhairt do dhaltaí Ardteistiméireachta agus a dtuismitheoirí.


Don scoilbhliain 2010/2011, bhí líon iomlán na n-iarratas ar dheontais ionann le 3,302. Déantar na hiarratais seo a rangú faoi cheannteidil éagsúla i bhFigiúr 3.5.

**Tábla 3.5 Foirmeacha Iarratais faighte in scoilbhliain 2010/2011**



Amach as an 3,302 iarratas ar dheontas a fuarthas, ceadaíodh deontas cothabhála do 2,440 mac léinn le dul ar aghaidh chuig Oideachas Tríú Leibhéal. Taispeánann Figiúr 3.6 an líon deontas a bronnadh agus an scéim faoinar ceadaíodh iad:-

**Figiúr 3.6 Deontais Tríú Leibhéal ceadaithe in 2010/2011**




### Fig 3.7 Miondealú ar Rátaí na nDeontas a Ceadaíodh

| Cineál Deontais | Líon na nDeontas a Ceadaíodh |
|---|---|
| Cóngaracht 100% | **192** |
| Cóngaracht 75% | **5** |
| Cóngaracht 50% | **15** |
| Cóngaracht 25% | **9** |
| Cóngaracht sa bhreis | **149** |
| Neamhchóngaracht 100% | **906** |
| Neamhchóngaracht 75% | **20** |
| Neamhchóngaracht 50% | **35** |
| Neamhchóngaracht 25% | **17** |
| Neamhchóngaracht sa bhreis | **846** |
| Táillí amháin | **246** |

**NB**

Cóngaracht – nuair atá an fad ón seoladh baile go dtí an Institiúid 24 km nó níos lú

Neamhchóngaracht – nuair atá an fad ón seoladh baile go dtí an Institiúid níos mó ná 24 km

### 3.8.2 Grúpa Úsáideoirí na Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

I gcomhar lena chéile, tá pacáiste bogearraí do Thacaíocht Mac Léinn curtha ar fáil ag Grúpa Úsáideoirí na Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn, ina bhfuil rannpháirtíocht ag seacht gCoiste Gairmoideachais eile ar fud na tíre. Cuideoidh an pacáiste seo le héifeachtacht na seirbhíse a athbhreithniú, a uasghrádú agus a fheabhsú ar mhaithe le riachtanais a shásamh.

# 4. Réimse tosaíochta – an timpeallacht foghlama



*Timpeallacht den scoth. atá fabhrach don teagasc agus don fhoghlaim, a chur ar fáil.*

Mar atá leagtha síos sa Phlean Oideachais 2006-2010, sainmhínítear an Timpeallacht Foghlama mar áit atá fóirsteanach do ghníomhaíochtaí intleachtacha, spóirt, spioradálta, sóisialta agus cultúrtha, i measc nithe eile.

Chun cloí leis na cuspóirí atá luaite sa Phlean, lean an Coiste ar aghaidh sa bhliain 2010 ag feabhsú an timpeallacht fhisiceach don teagasc agus don fhoghlaim in iomlán a chuid scoileanna, coláistí agus ionaid, a bhuí do Chlár Caipitil Forbraíochta cuimsitheach.

## 4.1 Clár forbraíochta caipitil



### 4.1.1 Coláiste Ghleann Fhinne, Srath an Urláir (Gairmscoil Shrath an Urláir roimhe seo)

**Scoil úrnua 3,452 m2 – ar shuíomh 6.79 acra de chuid an Choiste i nDroim Bó Íochtarach**

I mí Aibreáin, i ndiaidh próisis soláthair an AE, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna don Choiste glacadh le Tairiscint ó Midland Construction chun an foirgneamh úrnua do Choláiste Ghleann Fhinne a thógáil.

Eagraíodh searmanas do thiontú an chéad fhód ar láithreán úrnua an Choiste i nDroim Bó Íochtarach, Srath an Urláir, ar an 14 Bealtaine 2010. Ina dhiaidh sin, rinneadh an conradh a shíniú i seanfhoirgneamh Choláiste Ghleann Fhinne ar an Phríomhshráid, Srath an Urláir.

Cuireadh tús oifigiúil leis na hoibreacha tógála ar an 24 Bealtaine 2010. Meastar go mairfidh an tógáil ar feadh 14 mí agus go mbeidh foirgneamh úr na scoile críochnaithe i mí Iúil 2011.

### 4.1.2 Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn

**Scoil úrnua 3,854 m2 le háit do 350 dalta, le tógáil de réir an modh oibre atá ag an Pháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (PPP).**

Sa bhliain 2010, chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna cuid mhór réamhobair sholáthair i gcrích, ina n-áirítear cead pleanála imlíne a fháil don fhorbairt thuasluaite. Ansin, ar an 29 Iúil 2010, tugadh an tríú beartán seo de Thograí Scoile PPP ar láimh don Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) i gcomhair soláthair.

D'fhógair an NDFA Fógra Conartha in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach ar an 9 Lúnasa 2010. Fuarthas léiriúcháin spéise agus i ndiaidh anailís a dhéanamh orthu, tugadh cuireadh don triúr ar bharr an liosta tuilleadh idirbheartaíochta a dhéanamh i ndáil lena dtairiscintí. Meastar go bhfógrófaidh an NDFA, am éigin i 2011, ainm an chuibhreannais a dtabharfar an conradh dó scoil úrnua a thógáil faoi Bheartán PPP a Trí.

### 4.1.3 Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth

Ó tharla gur ardaigh na figiúirí clárúcháin, d'iarr an Coiste ar an Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú a dhéanamh ar an chlárúchán réamh-mheasta fadtéarmach sa Scoil maraon leis an sceideal do Chóiríocht Bhreise agus an úsáid a bheadh molta sa todhchaí don chóiríocht atá ansin cheana féin, cóiríocht a cheadaigh an Roinn i dtús báire sa bhliain 2002.

Leanfaidh an Coiste de bheith ag iarraidh ar an Roinn athbhreithniú in airde a dhéanamh ar an chlárúchán réamh-mheasta fadtéarmach don scoil agus na leasuithe riachtanacha a dhéanamh ar an sceideal do Chóiríocht Bhreise a ceadaíodh in 2002 ionas na treochtaí déimeagrafacha reatha i gceantar Ráth Bhoth a chur san áireamh.

### 4.1.4 Coláiste Cranncha, Bun Crannacha

**Forbairt Campais atá beartaithe i mBun Crannacha do Choláiste Crannacha, Gaelscoil Bhun Crannacha agus, b'fhéidir, Coláiste Chineál Eoghain, Bun Crannacha.**

Sa bhliain 2010, rinne Oifigigh ón Roinn Oideachais agus Scileanna scrúdú ar na trí suíomh a bhí aitheanta ag an Choiste i 2008/2009 faoi choinne an Champas a bhí beartaithe. Lena chois sin, chuaigh an Coiste i mbun cainteanna réamhphleanála le Comhairle Chontae Dhún na nGall i dtaca leis na trí suíomh a bhí aitheanta.

Cuireadh in iúl don Choiste go raibh suíomh eile i mBun Crannacha, atá in úinéireacht Chomhairle Contae Dhún na nGall faoi láthair, a d'fhéadfadh bheith fóirsteanach d'fhorbairt campais. D'iarr an Coiste ar oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna scrudú a dhéanamh ar an suíomh áirithe seo.

Deir an Roinn Oideachais agus Scileanna i dtólamh go mbreathnófar ar cheannach an tsuímh atá beartaithe d'fhorbairt an champais i gcomhthéacs Chlár Ilbhliantúil na Roinne do Thógáil agus Nuachóiriú Scoile agus go mbfhéidir nach mbeifí in ann fad ama a thabhairt don dul chun cinn ar cheannach an tsuímh. Leanfaidh an Coiste ar aghaidh leis na hidirbheartaíochtaí leis an bheirt, an Roinn Oideachas agus Scileanna agus Comhairle Chontae Dhún na nGall, ar mhaithe le réiteach a fháil ar an cheist seo le linn na bliana 2011.

### 4.1.5 Coláiste Chineál Eoghain

Le litir, dar dáta 19 Bealtaine 2010, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna fad ama ar an aitheantas do Choláiste Chineál Eoghain ar feadh tréimhse breise don Scoil, chomh fada leis an scoilbhliain 2012/2013.

Lena chois sin, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna tuilleadh cóiríochta a ghlacadh ar cíos i Muileann Thulaigh Armhaoile ar mhaithe leis an scoil, mar a leanas:-

1. 1 x Seomra Ranga Ginearálta

2. 1 x Seomra Ranga Miotalóireachta

3. 1 x Spas Stórála

### 4.1.6 Coláiste Pobail Bhun an Phobail

Céim II de Chóiríocht Buan – Achar na Cóiríochta 2,775 m2
Táthár go fóill ag fanacht leis an chuid eile den chóiríocht bhuan, sé sin 2,775m2 den 5009 m2 a ceadaíodh i mí Iúil na bliana 2001, agus táthar ag leanúint ar aghaidh le comhfhreagras agus comhráite leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Cuireadh Foirm athleasaithe SLE (Iarratas ar Mhaoiniú Caipitil do Mhór-oibreacha Caipitil do Scoileanna Dara Leibhéal) faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna i mí Mheán Fómhair 2010.

Mar thoradh ar an iarratas thuasluaite a bheith faighte acu, d'ardaigh an Roinn an togra ó Ghrád 2.5 go dtí 2.2, de réir a Chritéir Leasaithe do Mhórthionscadail Tosaíochta (Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna)

Tá an Coiste diongbháilte faoina idirchaidreamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun a chinntiú go gcuirfear críoch leis an chuid eile den chóiríocht bhuan chomh luath agus is féidir.

### 4.1.7 Gairmscoil Mhic Diarmada

Cóiríocht bhuan a chur in ionad seomraí ranga réamhdhéanta i ndrochríocht
I ndiaidh iarratas foirmeálta a chur chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna agus ansin cuairt a fháil ó Chigire Sinsearach ón Roinn, ceadaíodh Maoiniú Caipitil faoi choinne cóiríocht bhuan a chur in áit na seomraí réamhdhéanta a bhí ag titim as a chéile.

Ritheadh próiseas soláthair agus ceapadh Conraitheoir i mí na Samhna 2010 chun foirgneamh buan a thógáil. Meastar go mbeidh na hoibreacha seo críochnaithe go luath sa bhliain 2011.

4.2 Scéim na nOibreacha Samhraidh 2010 (bearta do Chaomhnú Uisce san áireamh)

I bPreas Ráiteas i mí Aibreáin 2010, d'fhógair an tAire Oideachais & Scileanna sonraí na dtograí a bhí ceadaithe faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh 2010.

Seo a leanas sonraí na dTograí a ceadaíodh do Scoileanna faoi chúram CGO Dhún na nGall:-

| | Scoil | Togra | Buiséad Ceadaithe (Táillí & CBL san áireamh) |
|---|---|---|---|
| 1 | Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall | Oibreacha Timpeallachta Lasmuigh | 125,236.00 |
| 2 | Coláiste Cranncha, Bun Cranncha | Oibreacha Timpeallachta Lasmuigh | 81,950.50 |
| 3 | Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth | Oibreacha Feabhsúcháin Struchtúracha | 324,319.00 |
| 4 | Gairmscoil Mhic Diarmada | Oibreacha Timpeallachta Lasmuigh | 66,156.00 |
| 5 | Coláiste Pobail Bhun an Phobail | Uasghrádú ar Sheirbhísí Meicniúla | 35,297.55 |
| 6 | Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga | Oibreacha Timpeallachta Lasmuigh | 97,790.00 |

Ceadaíodh maoiniú do na scoileanna seo a leanas fosta faoi choinne Bearta Caomhantais Uisce:

| | School | Budget Approved (including Fees & VAT) |
|---|---|---|
| 1. | Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach | 13,495.00 |
| 2. | Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn | 15,630.00 |
| 3. | Gairmscoil na Carraige, An Charraig | 3,305.00 |
| 4. | Coláiste Cranncha, Bun Cranncha | 10,050.00 |
| 5. | Coláiste Magh Ene, Bun Dobhráin | 4,140.00 |
| 6. | Gairmscoil Mhic Diarmada (Árainn Mhór) | 3,785.00 |
| 7. | Gairmscoil Chú Uladh (Baile na Finne) | 2,325.00 |
| 8. | Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga | 9,735.00 |
| 9. | Coláiste Pobail Bhun an Phobail | 4,610.00 |

### 4.3 Deontas d'Oibreacha Éigeandála

Sa bhliain 2010, cheadaigh an Roinn Oideachais & Scileanna na hiarratais seo a leanas faoin Deontas d'Oibreacha Éigeandála:

| | School | Project | Budget Approved (including Fees & VAT) |
|---|---|---|---|
| 1. | Gairmscoil na Carraige | Díon Úr | 544,272.00 |
| 2. | Gairmscoil na Carraige | Uasghrádú ar an Chóras Eastósctha Dusta | 26,473.25 |
| 3. | Coláiste Cranncha, Bun Cranncha | Uasghrádú ar an Seomra Tíos | 104,703.00 |
| 4. | Gairmscoil Chaitríona | Bealach Rochtana d'Iomlán Oibreacha | 99,638.67 |
| 5. | Ionad Oideachais Leitir Ceanainn | Urlár Ardaitheora & Staighre Éalaithe | 89,500.00 |
| 6. | Ionad Oideachais Aosaigh, Gort a' Choirce | Leithris do Dhaoine le Míchumas | 31,785.00 |
| 7. | Ionad Oideachais Aosaigh, Baile na nGallóglach | Uasghrádú ar Sheibhísí Leictreachais | 172,452.00 |
| 8. | Ionad Oideachais Aosaigh, Baile na nGallóglach | Oibreacha Turnaimh | 12,214.76 |

Rinneadh feabhsúchán breise ar an timpeallacht foghlama mar gheall at thionscnaimh éagsúla eile a ndeachthas ina mbun thar ceann an Choiste:-

## 4.4 Tionscnaimh Nua

**Coláiste Chineál Eoghain:**
- Cuireadh dhá sheomra ranga breise ar fáil ar an champas chomh maith le seomra úrscothach miotalóireachta.

**Coláiste Magh Éne:**
- Tugadh isteach Monatóireacht Acadúil ionas gur féidir monatóireachta a dhéanamh ar dhul chun cinn acadúil na ndaltaí ar bhunús indibhidiúil.

**Coláiste Cranncha:**
- Tugadh isteach an cúrsa don Ardteistiméireacht Fheidhmeach do ghrúpa theoranta de dhaltaí sinsearacha.
- Rannpháirtíocht ó Chomhordaitheoir Náisiúnta an ATF agus bunú coiste in-scoile.
- Seachtain Litearthachta agus Uimhearthachta do dhaltaí na Chéad Bhliana go léir.
- Scileanna Staidéir do dhaltaí na Tríú Bliana agus na Cúigiú Bliana tugtha isteach chomh maith le seisiún Staidéir iar-amscoile tráthnóna amháin sa tseachtain.

**Coláiste Áiligh:**
- Eagraíodh lá scileanna staidéir do dhaltaí na tríú bliana agus na séú bliana.
- Chuir an Leas-Phríomhoide ranganna Gaeilge ar fáil do mhúinteoirí nuacheaptha mar chuid de chlár ionduchtúcháin na scoile.

**Oideachas Aosach:**
- Oiliúint do Theagascóirí

**VTOS:**
- Rinneadh píolótú ar ghrúpaí staidéir agus ar chóras meantóireachta d'fhoghlaimeoirí i roinnt ionad.

**Ógtheagmháil (Youthreach):**
- Tuilleadh seomraí ranga agus leithris nua curtha ar fáil san Ionad Oideachais i Leitir Ceanainn (Ógtheagmháil/IOTS).
- Seomraí ranga nua curtha ar fáil d'Ógtheagmháil Ghort a' Choirce.

**Coláiste na Daoile:**
- Seomra ranga do thacaíocht iompraíochta
- Leabharlann nua
- Fuinneoga agus doirse úrnua i ngach áit. Athchóiriú déanta ar an Seomra Tíos agus an Seomra Stórála Ealaíne

**Comhpháirtíocht Ceoil Dhún na nGall:**
- Rinneadh sraith clár, maoinithe faoi PEACE III, a sheachadadh i mbunscoileanna agus i scoileanna iar-bhunoideachais agus ar an dóigh sin, leathnaíodh an tseirbhís ceoil.

**Coláiste Phobail Cholmcille**
- Mar pháirt den tionscadal do Scoileanna Folláine, tugadh cuireadh don phobal maraon le tuismitheoirí, daltaí agus baill foirne, chuig laetha feasachta fá féinmharú agus dúlagar agus conas déileáil leo.

**Coláiste an Earagail:**
- Tá an Choláiste ag déanamh óstáil ar an Dioplóma i Staidéir Drugaí & Alcóil, atá a chomhordú ag CGO Dhún na nGall i gcomhar le hOllscoil Luimnigh.
- Rannpháirtíocht i gClár Forbartha an LDS (Príomhoide, Leas-Phríomhoide agus 2 Príomhoide Cúnta)
- Imeachtaí teaghlaigh eagraithe ag HSCL & SCP

**Coláiste Ghleann Fhinne:**
- Tá an Bord Bainistíochta ar a ndícheall chun a chinntiú go mbeidh foirgneamh úr na scoile curtha in oiriúint do na riachtanais nua i ndáil le bealach isteach do dhaoine le míchumas.
- Lena chois sin, tá an choláiste ag dul chun cinn lena iarratas go dtógfar Seomra Ranga Speisialta san fhoirgneamh nua do dhaltaí le huathachas (ASD).
- Tugadh an soláthar ICT suas chun dáta.

**Gairmscoil Mhic Diarmada:**
- Bunaíodh Cumann Gaelach agus Sruth Gaeilge sa scoil

**Gairmscoil Chú Uladh:**
- Cúrsa Iascaigh: Ghlac ceathrar déag dalta ón Dara Bliain páirt i gcúrsa iascaigh a d'eagraigh Coimisiún Iascaigh an Fheabhail. Mhair an cúrsa ar feadh trí lá agus d'fhoghlaim na daltaí scileanna iascaireachta chomh maith le heolas fá chaomhnú stoic agus cosaint na timpeallachta.

**Gartan:**
- Rinneadh forbairt agus soláthar ar chlár do Ghrúpcheannairí Siúil (GCS) agus ar chlár d'Fhorbairt Gnó Turasóireachta i gcomhar leis an DLDC agus Fáilte Éireann. Is cúrsa dámhachtana do Cheannairí Cnocadóireachta atá sa chúrsa GCS.
- Thosaigh Gartan ar an phróiseas le hacmhainní a aimsiú ar mhaithe le hEastát Ghartan a fhorbairt mar áis ar leith d'Oideachas Faoin Aer.
- Fosta, chuir Gartan tús leis an phróiseas do bhaint amach stádas Eco Centre.

## 4.5 Feabhsú Acmhainní agus Córais Cumarsáide & Teicneolaíochta

**Coláiste Chineál Eoghain:**
- Cuireadh trealamh úrscothach miotalóireachta isteach i gceann de na seomraí ranga nua. Cuireadh leis an fhoireann teagaisc de bharr gur ceapadh múinteoirí nua do Cheol, Gnó, Stair agus Eolaíocht.

**Coláiste Cranncha:**
- Cuireadh 24 ríomhaire úrnua isteach i Seomra 16, seomra na ríomhairí.
- Cuireadh díon úr ar an scoil.

**Oideachas Aosach:**
- In Ionad Treorach Leitir Ceanainn, rinneadh leathnú ar rochtain ríomhairí do chliaint a bhí i bhfách le Pathfinder a úsáid agus fáil a bheith acu ar eolas ríomhbhunaithe.

**Gairmscoil Mhic Diarmada:**
- In ionad na seomraí réamhdhéanta, atá ag titim as a chéile, tá an obair tosaithe ar thógáil struchtúr buan ina mbeidh ceithre sheomra ranga, siopa sólas, leithris agus spás oifige.
- Fuarthas maoiniú faoin scéim d'Oibreacha Samhraidh faoi choinne obair a dhéanamh ar an talamh timpeall na scoile.

**Coláiste Magh Éne:**
- Fuarthas tuilleadh bogearraí le cur le bogearraí oideachasúla an choláiste ionas foghlaim agus teagasc a fheabhsú. San áireamh iontu sin, tá bogearraí meabhairmhapála a rachaidh chun sochair do riachtanais an dalta agus an mhúinteora araon.

**Coláiste Áiligh:**
- Rinne Cumann na dTuismitheoirí maoirseacht ar Chlub Obair Baile a d'eagraigh siad do dhaltaí na tríú bliana agus na séú bliana ón 4.00 go dtí an 6.00 i.n., Dé Luain go Déardaoin.
- Don chéad uair, tugadh isteach éide spóirt do dhaltaí na chéad bhliana.

**Coláiste na Daoile;**
- Córais scoile feabhsaithe a bhuí do NBSS.
- Athchóiriú déanta ar leithris na ndaltaí

**Coláiste an Earagail:**
- Rannphháirteach i dtogra de chuid SEI ar mhaithe le hídiú fuinnimh a laghdú;
- Buaiteoirí ¤5,000 i gClár AIB darb ainm Better Ireland, don Rannóg Ceoil

**Gairmscoil Chaitríona:**
- Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide feabhsaithe do Ghrafaic Dearaidh agus Cumarsáide

# 4.6 Cur i bhFeidhm Polasaithe

Oibríonn na scoileanna, coláistí agus ionaid i dtólamh i gcomhar le Cumainn Tuismitheoirí, Foirne Teagaisc, Comhairlí Mac Léinn agus Ionadaithe na bhFoghlaimeoirí, agus le hOifigí Riaracháin an CGO, ar réimse leathan polasaithe, ar a n-áiritear tabhairt isteach polasaithe nua agus polasaithe atá i bhfeidhm cheana féin a athbhreithniú nuair atá a leithéid ábhartha. Cinntíonn an athbhreithniú agus an fhorbairt ar pholasaithe go mbíonn sármhaitheas ag baint le gach uile ghné den timpeallacht foghlama.

**Coláiste Chineál Eoghain:**
- Cruthaíodh Polasaí nua do Riachtanais Speisialta Oideachais.

**Coláiste Cranncha:**
- Athbhreithniú ar Chód Iompraíochta na scoile, ina n-áirítear nuashonrú ar ghnáthaimh i ndáil le Fionraí agus Díbirt chun cloí le Treoirlínte NEWB.
- Cur chuige na scoile i dtaca le hObair Bhaile athbhreithnithe i gcomhar le Coiste na dTuismitheoirí, le Comhairle na Mac Léinn agus leis an fhoireann.

**Coláiste Magh Éne:**
- Cód Iompraíochta, Polasaithe Iontrála, Rannpháirtíochta & Clárúcháin athbhreithnithe

**Gairmscoil Chaitríona:**
- Forbairt ar Pholasaí Débutante, Athbhreithniú ar Pholasaí Fón Póca, Polasaí Iontrálála agus Cód Iompraíochta

**VTOS:**
- Athbhreithniú agus nuashonrú déanta ar pholasaithe chun a bheith ar aon dul le hathruithe de bharr athbhreithniú foirne.

**Ógtheagmháil (Youthreach):**
- Rinneadh forbairt ar Pholasaí Iontrála agus ar Chód Iompraíochta atá oiriúnach do na hionaid uilig sa chontae.
- Le tacaíocht ón Síceolaí Oideachasúil, rinneadh forbairt ar Pholasaí do Theagmhas Criticiúil i ngach ionad.
- Lean an Tionscanamh i Riachtanais Speisialta Oideachais ar aghaidh in Ógtheagmháil Bhéal Átha Seanaidh

**Coláiste Phobail Colmcille:**
- Tá an Polasaí Gaeilge agus an Cód Iompraíochta ceadaithe ag an Bhord agus táthar ag fanacht le daingniú ón CGO. Tá an obair ar Ráiteas Sábháilteachta ag dul ar aghaidh go maith.

**Coláiste na Daoile:**
- Polasaí d'Obair Bhaile athbhreithnithe agus forbairt déanta ar Phlean Treorach.

**Coláiste an Earagail:**
- Polasaí Litearthachta agus Uimhearthachta tugtha suas chun dáta; Polasaí Idirchultúrtha tugtha suas chun dáta; Plean DEIS, Cód Iompraíochta agus Iontrálacha

**Gairmscoil Mhic Diarmada:**
- Tá an Polasaí nua Gaeilge curtha i bhfeidhm; Athbhreithniú déanta ar Shláinte & Sábháilteacht; Athbhreithniú déanta ar an Chód Iompraíochta agus ar an Pholasaí Iontrála.

## 4.7 Cláracha

De barr gur tugadh isteach cláracha úrnua agus go ndearnadh leathnú ar chláracha eile, tá biseach tagtha ar an Timpeallacht Foghlama, mar a leanas:-

**Coláiste Chineál Eoghain**
- Ranganna Iar-Amscoile in Ullmhúchán do Scrúduithe, Cumann Cluichí ag am lóin agus Cumann Siúil ag am lóin. Lena chois sin, tá an Choláiste ag cur i bhfeidhm Cleachtas Aisiríoch i rith an ama agus tugadh isteach pacáiste do Ríomhaire Dlúthoibreacha faoi choinne Grafaic Theicniúil.

**Gairmscoil Chaitríona:**
- Teilgeoir sonraí curtha sna seomraí ranga go léir agus úsáid níos mó a bhaint as trealamh ICT de bharr traenáil a fuair baill foirne.
- Feabhsúchán ar bhealach isteach do dhaoine le míchumas.

**Coláiste Magh Éne:**
- Rinneadh leathnú ar an Chlár Iar-Ardteisiméireachta ar mhaithe le Cúram Páistí le Riachtanais Speisialta, Cúntóireacht Tréidliachta & Réamh-Altranas a chur san áireamh
- Na daltaí rannpháirteach sna cláracha trasteorann KEY agus LET

**Oideachas Aosach:**
- Cuireann an tAonach d'Fhoghlaimeoirí Fásta le tuiscint agus comhtháthú clár agus baill foirne.
- Chuidigh an clár 'Making a Book' scileanna bunúsacha a chumasú i dtimpeallacht ina raibh foghlaimeoirí ó phobail difriúla rannpháirteach.
- Rinneadh éascú ar chomhoibriú traspobail agus trasteorann a bhuíochas do chur ar fáil staidéir staire agus TF faoin Tionscadal darbh ainm History Links, maoinithe ag Ciste Idináisiúnta na hÉireann.

**Comhpháirtíocht Ceoil Dhún na nGall:**
- Cúrsa In-seirbhíse do Bhunmhúinteoirí ag díriú go speisialta ar phríomhghnéithe an churaclaim úrnua ceoil – cumadóireacht, na hilmheáin, beoléiriúchán.

**Coláiste Phobail Colmcille:**
- Tá comhráite ar bun i ndáil le Clár Iar-Ardteisiméireacht a thabhairt isteach an bhliain seo chugainn

**Coláiste Chineál Eoghain:**
- Pleanáil Ábhair, Pleanáil Scoile agus athbhreithniú ar pholasaithe ag dul ar aghaidh go leanúnach; Riachtanais Speisialta Oideachais, Cód Iompraíochta, Gaeilge, Iontrálacha, Sláinte & Sábháilteacht, Mí-úsáid Substainte.

**Gairmscoil Mhic Diarmada:**
- Clár Scoile don Teastas Sóisearach (JCSP)
- Clár an Teastais Shóisearaigh
- Clár na hIdirbhliana
- Clár na hArdteistiméireachta
- Clár Críochnaithe Scoile
- DEIS

**Gairmscoil Chú Uladh:**
- Cuireadh clár meantóireachta Deartháir Mór/Deirfiúr Mhór i bhfeidhm do dhaltaí na Chéad Bhliana.

**Gartan:**
- A bhuí do threalamh úr a ceannaíodh le linn 2008/2009, le maoiniú ó Dheontas do Chaipiteal Spóirt ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, bhí sé ar chumas Ghartan leathnú a dhéanamh ar an tsoláthar do chúrsaí taiscéalaíochta, go háirithe do dhaoine óga. Cuireann na cúrsaí seo béim ar dhúshlán agus forbairt phearsanta, agus de réir cosúlachta is clár thar a bheith dearfa a bheas ann sna blianta amach romhainn.



Foireann Bainistóchta Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh



Príomhoidí

# 4.8 Cleachtais i gCeartas Aisiríoch



Tá an cur chuige i gCeartas Aisiríoch, mar chuid den cur chuige scoile iomlánaíoch i leith iompraíocht dhearfach, a chur i bhfeidhm i mórán de na scoileanna/coláistí agus tá traenáil a cur ar fáil ar bunús leanúnach.

Tugtar Cleachtais i gCeartas Aisiríoch i Scoileanna mar ainm ar réimse próiseas gurb fhéidir a chomhtháthú i bpobal na scoile nuair a tharlaíonn coimhlint nó sárú rialacha, ina measc ag cruthú dearcadh aisiríoch, teanga aisiríoch, fiosrúchán aisiríoch, am ciorcail, tobchomhdháil agus grúpchomhdháil. Cuidíonn na cleachtais seo le pobal na scoile ar mhórán bealaí, ní amháin chun déileáil le mí-iompar. Nuair atá a leithéid daingnithe i gcultúr na scoile, is modh iad chun pobal aisiríoch a chruthú sa scoil.


Sa bhliain 2010, bhain Scoileanna CGO Dhun na nGall tairbhe as an cur chuige do Chleachtais i gCeartas Aisiríoch mar a leanas:-

- Seisiúin eolais agus traenála don Scoil Uile
- Seisiúin Athnuachana
- Seisiúin maoirseachta agus traenála do Leas-Phríomhoidí
- Traenáil mheantóireachta ó chur chuige aisiríoch agus tacaíocht leantach
- Cuairteanna Pleanála agus Tacaíochta
- Oícheanta do Thuismitheoirí
- Traenáil do Chinn Bliana agus Teagascóirí Ranga
- Traenáil do Chúntóirí Riachtanas Speisialta

# 5. Réimse Tosaíochta
# *Forbairt Eagrúcháin*



*Chun a chinntiú go bhfuil struchtúr oiriúnach eagrúcháin agus na hacmhainní riachtanacha daonna, teicniúla agus airgeadais mar bhonn agus thaca dár seirbhís.*





**Figiúr 5.1**
**Soláthar Seirbhíse CGO Dhún na nGall**

Tá gaol láidir bríomhar idir CGO Dhún na nGall agus a chuid Scoileanna, Coláistí agus Ionaid de réir mar a déantar córais a chruthú agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt leanúnach ar dhul chun cinn na heagraíochta.

Bíonn gach scoil/coláiste/ionad ar a ndícheall i gcónaí i gcur chun cinn feasachta i measc na mball foirne go léir i ndáil leis an Phlean Oideachais, an Plean Seirbhíse agus an Tuarascáil Bhliantúil.

Bíonn cruinnithe rialta ag an Mheitheal Straitéise Forbraíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Phlean Seirbhíse agus an dul chun cinn foriomlán ar aidhmeanna agus spriocanna an Phlean Oideachais 2006-2010.

Tá gaol láidir bríomhar idir CGO Dhún na nGall agus a chuid Scoileanna, Coláistí agus Ionaid de réir mar a déantar córais a chruthú agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt leanúnach ar dhul chun cinn na heagraíochta.



## 5.1 Cothabháil agus Forbairt ar Chórais Bainistíochta do Ghnóthaí Daonna, Teicniúla agus Airgeadais

Bhí Coláiste Pobail Bhun an Phobail rannpháirteach i gcóras íocaíochta píolótach ar-líne do mhúinteoirí páirtaimseartha, córas a cuireadh in áit an chórais éilimh le foirm.

## 5.2 Traenáil agus Forbairt

### 5.2.1 Traenáil sa bhliain 2010

I mí Dheireadh Fómhair, ghlac roinnt de na baill foirne páirt i gCúrsa Cóitseála Coinbhleachta mar chuid de thionscnamh PEACE III, i gcomhar leis an FSS. D'fhreastail scaifte mór de bhaill foirne an CGO ar Chomhdháil Idirghabhála a eagraíodh i ndiaidh an chúrsa.

I mí na Samhna 2010, d'fhreastail múinteoirí nuacheaptha le CGO Dhún na nGall ar Lá Ionduchtúcháin. Bhí siad seo a leanas i measc na dtopaicí a clúdaíodh: An Chomhairle Múinteoireachta, ról Aontas Mhúinteoirí Éireann (TUI), gnásanna oibriúcháin an CGO, chomh maith le reachtaíocht agus nósanna imeachta ginearálta.


Tugadh isteach seirbhís úrnua i CGO Dhún na nGall le linn na bliana 2010 ar mhaithe leis an tsoláthar de shíceolaíocht oideachais a fheabhsú i scoileanna agus in ionaid na scéime. I láthair na huaire, cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) seirbhís ar fáil do na scoileanna agus coláistí dara leibhéal.

# 5.3 Tacaíocht agus Tógáil Cumais do Gach Duine a Chuidíonn le hÉifeachtach Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall.

### 5.3.1 Cothromaíocht Oibre-Saoil agus Teidlíochtaí Saoire na mBall Foirne

Aithníonn CGO Dhún na nGall go bhfuil riachtanais agus oibleagáidí pearsanta ag baill foirne agus, chomh fada agus is féidir laistigh de na treoirlínte ábhartha, déanann an Coiste éascú ar theidlíochtaí saoire chun freastal ar na riachtanais sin. Léiríonn Figiúr 5.3 na hiarratais ar theidlíochtaí saoire a ndearnadh próiseáil orthu don fhoireann i rith 2010.

**Figiúr 5.3 Iarratais ar Theidlíochtaí Saoire**




I measc na dtaifead eile foirne a choinnítear, áirítear neamhláithreachas bhaill foirne de bharr tinnis, saoire bhliantúil, saoire atruach, saoire force majeure, saoire gan pá agus nuashonrú ar thaifid phearsanta de réir riachtanas iniúchóireachta/eagrúcháin.

# 5.4 Seirbhísí trí mheán na Gaeilge

### 5.4.1 Forbairt na Gaeilge

Lean Coiste Forbartha na Gaeilge ar aghaidh le cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú na ngealltanas atá sonraithe i ndara Scéim Teanga an Choiste, faoi Alt II d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, d'fhonn seirbhísí den scoth a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus/nó go dátheangach agus a chur in iúl do chustaiméirí go bhfuil sé de cheart acu ceachtar den dá theanga oifigiúil a roghnú chun a ngnó a dhéanamh. Cuirtear an sprioc seo i gcrích mar a leanas:-

- Bolscaireacht ghníomhach ar na seirbhísí dátheangacha atá ar fáil don phobal
- Modhanna cumarsáide leis an phobal agus eolas a chuirtear ar fáil don phobal
- Suíomh gréasáin corparáideach an Choiste, atá go hiomlán dátheangach
- Inniúlachtaí an Choiste sa Ghaeilge a bhuí d'oiliúint agus d'fhorbairt oiriúnach

# 5.5 Ag Cur Córais Dearbhaithe Cáilíochta i bhfeidhm do Sheachadadh na gClár go léir.

Maidir leis an Chlár um Filleadh ar an Oideachas (BTEI), bhí Dearbhú Cáilíochta i gcroílar an tsoláthair a cuireadh ar fáil an fud an chontae, agus é ag feabhsú bliain i ndiaidh bliana. D'fheabhsaigh an Treoirsheirbhís do Dhaoine Fásta a córais tarchuir agus cumarsáide leis an tSeirbhís Litearthachta do Dhaoine Fásta chun tacú le dul chun cinn na gcliant. Laistigh den Chlár um Fhoghlaim don Saol, rinneadh forbairt ar ábhair úrnua agus rinneadh iad seo a roinnt leis na cláracha go léir. Rinneadh dul chun cinn mór sa Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS) ar ghnáthaimh nua a bhí le tabhairt isteach sa bhliain 2010 i ndáil le nósanna imeachta do mheasúnacht FETAC.

Lean an Tionscnamh um Chreatlach Cáilíochta d'Ógtheagmháil agus don Ionad Oiliúna Taistealaithe Seanórtha ar aghaidh i rith 2010:-

- Rinne cigirí ón Roinn Oideachais & Scileanna cigireacht ar Ógtheagmháil Ghort a'Choirce mar pháirt den phróiseas do Mheastóireacht Sheachtrach
- Chuir Ionaid Ógtheagmhála Bhéal Átha Seanaidh, Bhun Cranncha/Ghleann Gad, Ghort a' Choirce agus Leitir Ceanainn Pleananna Forbartha Ionaid i gcrích don tréimhse 2010-2013
- Chríochnaigh Leifear agus an IOTS an próiseas do Mheastóireacht Inmheánach Ionaid, agus as sin tháinig tuarascáil bhliantúil don dá ionad.

- Chomh maith leis sin, chuir Leifear tús leis an phróiseas do Phleanaíl Forbartha Ionaid chun Plean nua Forbartha Ionaid a chur le chéile

- Leanann Ionad Eachtraíochta Ghartan ar aghaigh ag sásamh na gcaighdeán faofa dá chúrsaí éagsúla, caighdeáin atá leagtha síos ag na Comhlachtaí Rialachais Náisiúnta agus ag Fáilte Éireann.

Rinne an ITTC athbhreithniú ar na polasaithe reatha do Dhearbhú Cáiliochta d'fhonn iad a thabhairt suas chun dáta ar aon dul le reachtaíocht nua.

Tá ar gach uile Scoil agus Coláiste dara leibhéal a ofrálann cúrsaí FETAC cloí leis an teimpléad do Ráthú Caighdeáin.

Déanann na Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal go léir féinmheastóireacht inmheánach ar a gcuid clár agus polasaithe. Déantar anailís ar thorthaí Scrúduithe Stáit agus cuirtear i gcomparáid iad le meáin na dtorthaí náisiúnta.

In earnáil an Oideachais Dara Leibhéal, rinne Cigireacht na Roinne Oideachais & Scileanna cigireacht ar an chlár Ealaíne i gColáiste an Earagail.



# 6. Réimse Tosaíochta *Comhpháirtíocht*



*I spiorad na comhpháirtíochta, neartú agus uasmhéadú a dhéanamh ar fhéidearthacht ár gcaidreamh i ngach réimse dár seirbhís.*

## 6.1 Forbhreathnú

Aithníonn CGO Dhún na nGall nach bhfuil sé inmhianaithe nó indéanta d'aon eagraíocht amháin riachtanais oideachais an chontae a shásamh agus, ar an tséala sin, tá comhpháirtíocht ina gné fíorthábhachtach dá chuid oibre. Ar mhaithe le freastal ar riachtanais foghlama na bpobal áitiúil, comhoibríonn CGO Dhún na nGall go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta le réimse leathan daoine aonair agus eagraíochtaí (idir pobal, deonach agus reachtúil) ar fud an Chontae, chun a chinntiú go ndéantar seachadadh éifeachtach ar a chuid seirbhísí oideachais. Déantar an cur chuige comhpháirtíochta seo i leith soláthar seirbhíse a chur i gcrích ar chúpla leibhéal: áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## 6.2 Áitiúil

Feidhmíonn páirtíocht go háitiúil laistigh den eagraíocht, laistigh de na pobail máguaird agus laistigh den Chontae. Laistigh de CGO Dhun na nGall é féin, tá dornán comhpháirtíochtaí eagrúcháin ann chun a chinntiú go bhfeidhmíonn gnáthchúrsaí an Choiste go mín réidh ó lá go lá; ina measc sin, sa bhliain 2010, áirítear an Meitheal Forbraíochta Straitéise, na Príomhoidí agus an Fhoireann Shinsearach d'Oideachas Aosach.



Ceann de na páirtnéirí is tábhachtaí dár gcuid oibre is ea an chomhpháirtíocht le tuismitheoirí agus caomhnóirí na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar na cúig cinn déag de Scoileanna agus Coláistí an Choiste, ar na sé Ionad Ógtheagmhála, ar Ionad Eachtraíochta Ghartan agus na Seirbhísí Ceoil agus na Seirbhísí don Óige. Cuireann siadsan a ndóchas inár seirbhís oideachais agus cuidíonn siad linn ár seirbhísí a reáchtáil a bhuí dá rannpháirtíocht ar Bhoird Bainistíochta, Cumainn Tuismitheoirí agus i bhfeachtais tiomsaithe airgid. Chomh maith leis sin, tá mórán de na daoine fásta a fhreastalaíonn ar chúrsaí sna hIonaid Oiliúna & Oideachais Aosaigh, ina dtuismitheoirí iad féin agus fágann siad a gcuid páistí i gcúram ár gcuid naíolann a fhad is atá siad féin ag foghlaim.

Comhpháirtíocht thábhachach eile is ea na fostóirí ar fud an Chontae a chuireann taithí oibre ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus do mhic léinn. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach, go háirithe do na Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh, ó tharla go bhfuil taithí oibre ina pháirt lárnach d'fhoghlaimeoirí ar Scéimeanna macasamhail an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais, an Tionscnamh um Filleadh ar Oideachas, Ógtheagmháil agus Ionad Oiliúna Taistealaithe Seanórtha. Níos minice anois, tá fostóirí ag éirí níos tábhachtaí mar pháirtnéirí do scoileanna agus coláistí dara leibhéal an Choiste Gairmoideachais siocair go bhfuil taithí oibre ina ghné riachtanach don Idirbhliain, don Ardteisiméireacht Fheidhmeach, do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus do chúrsaí sa Chlár Iar-Ardteistiméireachta.

Sa bhliain 2010, bhíothas i gcomhpháirtíocht le mórán páirtnéirí ón phobal, ón earnáil dheonach agus ón earnáil spóirt, agus ag an am céanna lean an Coiste Gairmoideachais ag comhoibriú le páirtnéirí reachtúla éagsúla le linn na bliana. Lena chois sin, bhí baill foirne de chuid CGO Dhún na nGall rannpháirteach i gcuid mhór grúpaí/coistí áitiúla oibre agus comhairleacha ar fud an Chontae agus an réigiúin, macasamhail:- fochoistí Bhord Forbartha an Chontae, Coiste Cúram Páistí an Chontae, An Líonra d'Idirchaidreamh Baile/Scoile/Pobail, Seirbhísí don Óige, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Lárionad na mBan, Family Action, Leitir Ceanainn, Pobal Bhun Cranncha in aghaidh Féinmharú, Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte; FÁS; Údarás na Gaeltachta; Coiste Comhpháirtíochta Peace III; na Comhlachtaí Páirtíochta; Comharchumann na nOibrithe Pobail; Bord agus Fo-phainéil Chomhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall; Fóram Alcóil an Iarthuaiscirt; Meitheal Oibre Chomhairle Contae Dhún na nGall ar Shábháilteacht ar na Bóithre; An Meitheal Oibre ar Iompar Scoile; Páirtíocht Forbartha Inis Eoghain (Foghrúpa Pobail & Óige); Comhairle na nÓg; Tascfhórsa Réigiún an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí agus go leor grúpaí eile. Lena chois sin, bhí comhoibriú leanúnach leis an Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh ar mhaithe le treoir a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe.

Choimeád scoileanna a gcuid nasc le réimse eagraíochtaí, macasamhail Comhairle na nÓg, Ionad na mBan, Leitir Ceanainn, Foróige, Seirbhísí Óige Dhún na nGall, Gardaí, bunscoileanna áitiúla, gnólachtaí áitiúla agus ionaid acmhainne teaghlaigh.

Go háitiúil, bhí nascanna ag an tSeirbhís Oideachais Ceoil le hIonad Oideachais Dhún na nGall, an Lárionad Cultúrtha Réigiúnach, Clár Ealaín Phoiblí na Comhairle Contae agus Oifig PEACE III.

## 6.3 Réigiúnach

Tá comhpháirtíochtaí ar bhunús réigiúnach tábhachtach fosta do shocrúcháin oibre CGO Dhún na nGall. Sa bhliain 2010, chuidigh na comhpháirtíochtaí seo linn oibriú lasmuigh de theorainn an chontae agus le comhpháirtíochtaí trasteorann. Mar shampla, chomhoibrigh an Treoirsheirbhís d'Fhoghlaimeoirí Fásta i dtionscamh trasteorann faoi INTERREG ar mhaithe le hoiliúint a chur ar fáil do dhaoine bodhra le cur ar a gcumas a bheith ina dteagascóirí i dteanga chomharthaíochta. Bhí na Seirbhísí d'Oideachas Aosach páirteach i Scileanna don Obair, ScileannaCGO, Comhoibriú Trasteorann (NWRC), Líonra Réigiúnach FÁS agus Líonra Réigiúnach ALOA tríd an Chlár um Fhoghlaim don Saol agus chomhoibrigh an tIonad Oiliúna Teicneolaíochta & Cumarsáide (ITTC) ar leibhéal réigiúnach le heagraíochtaí mar Worklink agus an Líonra Náisiúnta Foghlama. Chomhoibrigh Scoileanna agus Coláistí le réimse d'eagraíochtaí réigiúnacha, ina measc eagraíochtaí spóirt, an CLG in Uladh, Institiúidí Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus Shligigh agus Seirbhísí Tacaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna. Bhí baint ag roinnt Scoileanna agus Coláistí le Cumann Staire Dhún na nGall, Údarás na Gaeltachta, Gael Linn, Tionscadal Ceoil Thraidisiúnta Inis Eoghain agus le Rannán an FSS um Chur Chun Cinn na Sláinte.

Sa bhliain 2010 fosta, lean baill foirne CGO Dhún na nGall ar aghaidh lena rannpháirtíochta i ndornán coistí agus grúpaí oibre agus grúpaí comhairleacha réigiúnacha.

Bhí Ionad Eachtríochta Ghartan ag obair i gcomhpháirtíocht náisiúnta le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus Cumann Rothaíochta Sléibhe Dhún na nGall i rith 2010:-

## 6.4 Náisiúnta

Oibríonn CGO Dhun na nGall i gcomhpháirtíocht le roinnt eagraíochtaí náisiúnta atá fíorthábhachtach do sheachadadh éifeachtach ar sheirbhísí sa Chontae.

Chothaigh scoileanna a gcuid nasc le réimse comhlachtaí náisiúnta spóirt, macasamhail CLG, Cumann Rugbaí na hÉireann (IRFU), Cumann Eitpheile na hÉireann, Cumann Cispheile na hÉireann, Cumann Sacair na hÉireann, Cumann Júdó na hÉireann agus Comhlachas Snámha na Scoileanna Éireannacha. Lena chois sin, bhí ball foirne ó Ghairmscoil na Carraige gníomhach i lúthchleasa ar bhonn náisiúnta.

Chomh maith leis sin, bhí scoileanna ag obair i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí oideachasúla agus seirbhísí náisiúnta tacaíochta i rith 2010, ina measc An Roinn Oideachais agus Scileanna; An Bord Náisiúnta um Leas Oideachais (NEWB); Clár Scoile don Teastas Sóisearach (JCSP); Forbairt Cheannaireachta do Scoileanna (LDS) (An Clár Forbartha); An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS); An Clár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (CSOPS/SPHE); An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS); Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile (SDPI); An tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal (SLSS); An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE); Forbairt Ghairmiúil do Mheánmhúinteoirí (PDST) maraon le hollscoileanna éagsúla. Lena chois sin, lean an tSeirbhís Ceoil ar aghaidh lena comhpháirtíocht náisiúnta le hAontas Ceolfhoirne Óige na hÉireann agus an Líonra Náisiúnta Ceoil.

Sa bhliain 2010 fosta, lean baill foirne CGO Dhún na nGall ar aghaidh lena rannpháirtíochta i ndornán coistí agus grúpaí oibre agus grúpaí comhairleacha náisiúnta, iad seo a leanas ina measc:-

* Breacadh (Soláthar bunoideachais trí mheán na Gaeilge)
* IASC
* FETAC
* AONTAS
* NALA
* MABS
* Cumainn Náisiúnta:
  - Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí;
  - Cumainn Náisiúnta na bPríomhfheidhmeannaigh agus na nOifigigh Oideachais;
  - Cumann na nOifigigh Oideachais d'Aosaigh;
  - Cumann na nEagraithe Litearthachta do Dhaoine Fásta;
  - Cumann na nÉascaitheoirí d'Oideachas Pobail;
  - Cumann Náisiúnta na gComhordaitheoirí VTOS

- Cumann Treorach Oideachas Aosaigh;
- Cumann Gairmoideachais na hÉireann (IVEA)
- Cumann Náisiúnta na gComhordaitheoirí Ógtheagmhála (Bhí Comhordaitheoir Dhún na nGall ina bhall den Choiste Feidhmiúchain mar Eagarthóir na Nuachtlitreach);
- Cumann Náisiúnta BTEI

Chomh maith leis sin, bhí Comhordaitheoir Ógtheagmhála an Chontae ar choiste eagarthóireachta don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre le linn dóibh a bheith ag ullmhú Clár Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre d'aos óg idir 17-24 bliain d'aois (www.wrecked.ie), agus chuir an tIonad Oiliúna Teicneolaíochta & Cumarsáide Cúrsa i Scileanna FS ar fáil i gcomhar le RNID, Action on Hearing Loss, Tuaisceart Éireann.
Sa bhliain 2010, choinnigh Ionad Eachtraíochta Ghartan suas a chomhpháirtíocht náisiúnta leo seo a leanas:

- Oideachas Allamuigh Éireann
- Cumann Seoltóireachta na hÉireann
- Sléibhteoireacht Éireann
- Oifig na Slite Náisiúnta
- An tSeirbhís Oidhreachta
- Cumann Curachóireachta Thuaisceart Éireann

### 6.4.1 Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil

Déantar an Dioplóma i Staideir Drugaí agus Alcóil ó Ollscoil Luimnigh a theagasc i dtrí ionad sa tír: in Ollscoil Luimnigh, in Cherry Orchard i mBaile Átha Cliath agus i Leitir Ceanainn i gContae Dhún na nGall don Iarthuaisceart uilig. Is í Christina Murray McEleney, atá lonnaithe in Oifigí CGO Dhún na nGall, comhordaitheoir an chúrsa. Is iad seo a leanas na cúigear páirtí atá ar an Bhord Bainistíochta:-

- CGO Dhún na nGall
- Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte
- Fóram Alcóil an Iarthuaiscirt Teo.
- Tascfhórsa Réigiún an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí
- Ollscoil Luimnigh





Is dianchúrsa bliana ag Leibhéal 7 atá sa Dioplóma agus tá 60 Creidiúint Inaistrithe Eorpach ag dul leis. Tá sé saincheaptha do chleachtóirí a oibríonn le drugaí agus alcól agus do chleachtóírí a thagann i dteagmháil le daoine atá i mbaol drugaí agus alcól a mhí-úsáid. Tá sé fóirsteanach do ghairmithe sláinte, gairmithe i gcúram sóisialta, múinteoirí, treoirchomhairleoirí, daoine a oibríonn le daoine óga agus i gcúram páistí, oifigigh príosúin, Gardaí, oifigigh promhaidh agus oibrithe pobail, chomh maith le dreamanna eile. Cuireadh tús leis an chlár sa bhliain 2008. Bronnadh a gcuid dioplómaí ar an dara cóhort mac léinn i mí Lúnasa 2010 ag searmanas in Ollscoil Luimnigh, cáilíocht ollscoile a léiríonn a ngnóthachtáil shuntasach agus a dtiomantas don staidéar agus don obair dhian.

## 6.5 Idirnáisiúnta

Lean obair i gcomhpháirtíocht idirnáisiúnta ar aghaidh in ghné thábhachtach de chuid oibre CGO Dhún na nGall i rith 2010. San áireamh anseo, mar shampla, chuaigh ceathrar daltaí Idirbhliana ó Choláiste Ailigh go Stáit Aontaithe Mheiriceá le coicís a chaitheamh ag freastal ar choláiste in St Louis; rinne Coláiste Chineál Eoghain daltaí a mhalartú leis an Fhrainc agus bhí Toraigh páirteach i dTogra Ríomhnasctha. Siocair go bhfuil múinteoir ón Pholainn ar fhoireann na scoile, lean Coláiste an Earagail lena nasc leis an Phólainn. Chruthaigh Coláiste Pobail Bhun an Phobail nascanna le New Brunswick i gCeanada, le hOileán Ìle in Albain agus le Kampala in Uganda. Bhí Coláiste na Maoile Rua rannpháirteach i dTionscnamh Trasreorann darbh ainm 'Crossing Boundaries'.




Bhí nascanna idirnáisiúnta ag an tSeirbhís Oideachais Ceoil le Concerto Malaga sa Spáinn agus leis an Apple Hill Centre for Chamber Music, i mBoston Mheiriceá.

Maidir le cuid oibre Ionad Eachtraíochta Ghartan ar leibhéal idirnáisiúnta sa bhliain 2010, bhí ceangal leanúnach acu le Cumann Ceannairí na nIonad Eachtraíochta (sa Ríocht Aontaithe)), maraon le forbairtí i gcomhar leis an Iontabhas Oideachais Neipealach-Éireannach agus an Cumann Domhanda um Sciáil Toinne.

Le linn na bliana 2010 agus mar gheall ar iarratas ó Shléibhtheoireacht Éireann agus Sport NI, rinne Stiúrthóir Ghartan cathaoirleacht ar mheitheal oibre neamhspleách a rinne measúnacht ar an fhéidearthacht do chónascadh an dá Bhord Oiliúna Sléibhe ar oileán na hÉireann.

# 7. Réimse Tosaíochta
## Íomhá & Sainaitheantas



*Íomhá agus Sainaitheantas fuinniúil forásach a chur chun cinn do CGO Dhún na nGall agus a sheirbhís.*

Tá siad seo a leanas i measc na gcuspóirí foriomlán i ndáil leis an Íomhá & Sainaitheantas atá leagtha síos i bPlean Oideachais CGO Dhún na nGall:

- Forbairt ar shuíomh gréasáin don eagraíocht
- Scaipeadh eolais a fheabhsú
- Straitéis cumarsáide a fhorbairt
- Poiblíocht a thabhairt d'oideachas dara leibhéal an Choiste Gairmoideachais

Cuireadh an Tuarascáil Bhliaintúil ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla mar dhoiciméad ar-líne amháin, rud a chuidigh le sábháil mhór i gcostais foilsitheoireachta, agus a chiallaigh gur cur i láthair neamhdhíobhálach don timpeallacht a bhí ann.
Sa bhliain 2010, chonacthas mórán dámhachtainí agus nuáil, saothair mhaithe agus gnóthachain i ngach uile sheirbhís den Choiste. Mar gheall ar an obair a rinne gach uile dhuine chun íomhá agus sainaitheantas na heagraíochta a fheabhsú, trína gcuidiú le gnóthachain phearsanta na mac léinn, na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne agus de bharr obair a chuir an eagraíocht i gcrích, tá sé sin go léir ag dul chun sochair do gach páirtí san eagraíocht, ar a n-áirítear mic léinn, ball foirne, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne, go háirithe tríd an rannán d'Oideachas Aosach & Oideachas Pobail.
Siocair nach féidir iomlán ár ngnóthachain don bhliain 2010 a liostáil, níl ach roghnúchán samplach luaite sa mhír seo.

**Tábla 7.1 Buaicphointí ó gach Scoil, Coláiste, Ionad & Clár**

GAIRMSCOIL NA CARRAIGE




Seaimpíní Faoi 14 agus Faoi 16 i bPeil Shinsearach Ghairmscoileanna Dhún na nGall 2009-2010

Derek O'Driscol agus Kieron Byrne, buaiteoirí Chorn Cecil King 2010



## COLÁISTE AILIGH • LEITIR CEANAINN



Aisling Ní Bhraoin a bhain an chéad áit i gcomórtas 'Barúil' i gCúige Uladh, comórtas eagraithe ag Gael Linn.  Mar gheall air sin, fuair Aisling cuireadh páirt a ghlacadh i Féile 'Rí Chéile', ar Oileán Sciathánach, Albain, agus sa ghrianghraf seo tá Sinéad Ní Cholmáin agus Maighréad Nic Suibhne, iar-bhall de Bhord Bainistíochta Choláiste Ailigh, a thaistil léi go hOileán Sciathánach.

Bhí bliain rathúil arís ag daltaí Choláiste Ailigh i gcúrsaí Eolaíochta i mbliana.  Cuirtear béim mhór ar thábhacht na hábhair eolaíochta i gColáiste Ailigh. Baineadh dhá mhór dhuais i gcomórtas BT Eolaí Óg, agus baineadh seacht nduais i gcomórtas Ski Fest, 'An Cumarsáidí is Fearr' ag an chomórtas don dara bliain as a chéile san áireamh. Seo beirt dhaltaí, Caitríona Nic a'tSaoir agus Freda Nic Oscair, ag obair ar tionscnamh s'acu i saotharlann na scoile



## COLÁISTE PHOBAIL SCOIL COLMCILLE • OILEÁN THÓRAÍ



Scoláirí Idirbliana, Ciara Ní Dhubhgáin agus Áine Máire Nic Ruairí, a bhain an chéad dhuais i gComórtas Scoile de chuid Chumann Staire Chontae Dhún na nGall.

Roinnt de na rannpháirtithe agus teagascóirí a ghlac páirt i ranganna ceoil, maonaithe ag an Choiste Gairmoideachais, istigh i dToraigh le linn na bliana.




## COLÁISTE CRANNCHA, BUN CRANNCHA



Lá na Vótála do Chomhairle Óige Dhún na nGall: sa phictiúr tá Leah Michalides, iarrthóir Choláiste Cranncha Ellen Lavelle, Niamh Clerkin agus Mary Jackson.

Daltaí na 5ú Bliana ag baint pléisiúir as Lá Spóirt sa Choláiste.



## COLÁISTE NA DAOILE  RÁTH BHOTH



Kealan Nesbett, dalta sa Teastas Sóisearach, a fuair an chéad áit in Éirinn i dTeicneolaíocht Ábhair, Gnáthleibhéal, lena mhúinteoir ábhair, an tUasal Foy, agus an Príomhoide, an tUasal Mc Gowan

Oisín Grant, scoláire Ardteiste agus Príomhchinnire na Scoile, a fuair an dara háit in Éirinn i nGrafaic an Deartha agus na Cumarsáide i nGháthleibhéal na hArdteiste, in eineacht sa phictiúr lena mhúinteoir Danny O Brien, agus Cláraitheoir GMIT.




## COLÁISTE AN EARAGAIL LEITIR CEANAINN



Foireann Build A Bank a bhain amach an dara háit i mBabtha Ceannais Uile-Éireann an chomórtais i bPáirc an Chrócaigh i mí na Bealtaine.

Mionchomhlacht na hIdirbhliana a bhuaigh duaiseanna dá DVD beochana ar shábháilteacht ó dhóiteán, dar teideal Sparky



## COLÁISTE GHLEANN FHINNE  SRATH AN URLÁIR



Síniú an Conradh le haghaidh Coláiste Nua Ghleann na Finne Dáithí Alcorn, Cathaoirleach; Máire Áine Uí Chatháin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Coiste Gairmoideachais Contae Dhún na nGall agus an tUasal Kerrigan, Stiúrthóir Bainistíochta Midland Construction.

Ag bualadh leis an Tánaiste. Cuireann an Phríomhoide baill den Chomhairle na Mac Léinn in aithne don Tánaiste le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Cathaoirleach an Coiste Gairmoideachais agus Cathaoirleach an Bord Bainistíochta sa chúlra ag breathnú orthu.



## COLÁISTE CHINEÁL EOGHAIN • BUN CRANNCHA



Shannon Carter , Dalta 2ra Bliana i gColáiste Chineál Eoghain, a rug an bhua léi mar An Cumarsáidí Is Fearr i gComórtas BT Scifest, 2010.

Amanda Ní Neighill ag glacadh lena duais sa Chomórtas Óráidíochta Poiblí, a d'eagraigh Cumann Gaelach Chnoc na Rós.



## GAIRMSCOIL CHÚ ULADH • BEAL AN ÁTHA MÓIR




Chuir daltaí na scoile an ceoldráma Oklahoma i láthair sa scoil faoi stiúir na múinteoirí Deirdre Ní Chnáimhsí agus Kelli Nic Ruairí

Gairmscoil Chú Uladh. Coiste Sláinte GCU a fuair duais speisialta ón FSS ag ócáid gradam na scoileanna sláintiúla. Sa phictiúr tá múinteoirí Aoife de Nais agus Helen



## GAIRMSCOIL MHIC DIARMADA  ARAINN MHÓR



Lá an Bhrait Ghlais 2010

Taipéis Oileáin Árainn Mhóir 2010 a chruthaigh mic léinn ón Idirbhliain in éineacht le seandaoine in Ionad Lae an oileáin.



## COLÁISTE MAGH ÉNE  BUN DOBHRÁIN



Daltaí ó Choláiste Magh Éne in éineacht lena gcomhpháirtí scoile, CC English School, Guiyang sa tSín. Seo pictiúr de na daltaí i sráidbhaile Miaw i gCúige Guinjou, atá 4,000 bliain d'aois.

Ceathrar Scoláirí Ardteiste i Matamaitic Ardleibhéal ó Mhagh Éne ag glacadh páirte in Oilimpiad Chumann Matamaitice Dhún na nGall.



## COLÁISTE POBAIL BHUN AN PHOBAIL



Coláiste Pobail Bhun an Phobail faoi bhrat sneachta.

Ag rómhar an talaimh inár ngarraí úr.



## COLÁISTE NA MAOILE RUA



Bronnadh na nduaiseanna ar an Fhoireann Bhuacach ar Lá Spóirt na Sóisear i gColáiste na Maoile Rua.

Buaiteoirí na hIdirbhliana sa chomórtas 'Bake Off'.



## GAIRMSCOIL CHAITRÍONA, NA CEALLA BEAGA



Leo Boyle, buachaill de 120 dalta as na 26 contae ar bronnadh scoláireacht JP McManus air. Bronntar an scoláireacht seo ar na daltaí is fearr a n-éiríonn leo i ngach contae, agus a fhreastalaíonn ar iar-bhunscoil aitheanta gan táillí.

Seaimpíní Uladh 2010 – Comórtas i nDíosdpóireacht Eolaíochta a thugann deis do dhaoine óga plé a dhéanamh ar na himpleachtaí cultúrtha, sochaíocha agus eiticiúla atá ag na forbairtí in eolaíocht bhithleighis.




## TREOIRSHEIRBHÍS D'FHOGHLAIMEOIRÍ FÁSTA



Aonach Threoirsheirbhís na bhFoghlaimeoirí Fásta, 2010, a réachtáladh in Óstán an Mount Errigal. In ainneoin na droch aimsire geimhridh, d'fhreastail corradh agus 1,000 cuairteoir ó gach cearn de Dhún na nGall ar an ócáid, ceann de na haontaí a ba ghnóthaí go nuige seo.



## BTEI AN TIONSCNAMH UM FILLEADH AR OIDEACHAS



Bunadh Rann na Feirste ag tógail an infrastructúir dón gcúrsa Garrantóireacht.
"Is cuma grian nó fearthainn beidh muid réidh dón seasúr curaíochta."



## SEIRBHÍS TACAÍOCHTA OIDEACHAS POBAIL



Tógáil Claíocha Traidisiúnta i mBaile Dhún na nGall

Polathollán an chúrsa gairneoireachta ar An Chlochán Liath



## IONAID ÓGTHEAGMHÁLA





Foghlaimeoirí ó Ionaid Ógtheagmhála Bhun Cranncha agus Ghleann Gad ar chuairt staidéir go Doire mar chuid de thionscadal staidéir idirchultúrtha trasteorann.

## IOTS/STTC - IONAD OILIÚNA DO THEASTÁLAITHE SEANÓRTHA

Foghlaimeoirí, Baill Foirne agus baill Bhoird Bainistíochta an IOTS ag bronnadh bliantúil na ndámhachtain.



## AN CLÁR UM FHOGHLAIM DON SAOL




Lainseáil ar leabhar de chuid scríbhneoireachta na bhfoghlaimeoirí

Bronnadh na dTeastas Sóisearach agus na dTeastas FETAC i mBaile Dhún na nGall i mí Dheireadh Fómhair.



## IONAD EACHTRAÍOCHTA GHARTAN



An Geimhreadh i nGartan

## COMHPHÁIRTÍOCHT CGO DHÚN NA NGALL D'OIDEACHAS CEOIL




Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall sular sheinn siad san Fhéile Náisiúnta do Cheolfhoirne Óige, sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath (Feabhra 2010)

Baill den Chór Sóisearach ag canadh le linn Ceolchoirm na Nollag a eagráionn Comhpháirtíocht d'Oideachas Ceoil CGO Dhún na nGall gach bliain do na teaghlaigh.



## AN TIONAD OILIÚNA I DTEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE




Foghlaimeoirí a chríochnaigh an cúrsa i dTógáil Tírdhreacha (Miondhámhachtain Fetac Leibhéal 4) san Ionad Oiliúna TF ar an deicre a thóg siad ag taobh an Ionaid Oideachais mar pháirt den chúrsa.

Foghlaimeoirí agus baill foirne ar thuras allamuigh go Páirc Náisiunta Ghleann Bheatha.



# 8.0 Rialú Corparáideach
## Tuarascáil Airgeadais




## 8.1 Forbhreathnú

### 8.1.1 Straitéis Airgeadais

Tá sé mar aidhm ag Feidhm an Airgeadais tacú leis an Choiste i mbaint amach, laistigh den Bhuiséad, na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean Seirbhíse. Le Tacaíocht Airgeadais áirítear tacaíocht chinnteoireachta, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheartaíochtaí agus freagracht reachtúil.

### 8.1.2 Freagracht Reachtúil

Tá coinníollacha dochta freagrachta i bhfeidhm do Choistí Gairmoideachais. I measc na riachtanas seo, tá ullmhúchán na gCuntas Bliantúil i bhformaid atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Iniúchadh na gCuntas sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá Córais Rialaithe Airgeadais, bunaithe ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta mionsonraithe, i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na coinníollacha seo agus lena chinntiú go mbainfear amach aidhmeanna go héifeachtach.

### 8.1.3 Nótaí Tráchta ar Fheidhmíocht

Rinne an Rannóg Airgeadais bainistiú agus riarachán ar 80 Buiséad Clár de chaiteachas atarlaithe de ?54.43 milliún agus Tograí Caipitiúla, i gcomhar le Rannóg na Seirbhísí Tógála agus Bainistíochta Eastát, ionann le caiteachas iomlán de ?60.18 milliún. Chuir an patrún boilscithe dúshláin mhóra os comhair lucht na mBuiséad maidir le seachadadh a gcuid seirbhísí.

Tá Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall ar cheann de na fostóirí is mó sa Chontae, le 1,503 fostaí.

Cuireadh Córas um Cheannach le hÍoc, bunaithe ar an Idirlíon, i bhfeidhm i bhformhór na Scoileanna, na gColáistí agus na nIonad chun próiseáil a dhéanamh ar Íocaíochtaí Creidiúnaithe, rud a chiallaíonn go n-íoctar formhór na gcreidiúnaithe trí Ríomhaistriú Airgid. Sa bhliain 2010, chuathas i mbun céimeanna breise chun an córas seo a leathnú agus Modúl um Thuairisciú Buiséid a chur i bhfeidhm, agus bhí coimisiniú iomlán déanta air seo faoi dheireadh na bliana 2010.

Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de ?5.353 milliún i bhfabhar 1,464 mac léinn a d'fhreastail ar Choláistí Tríú Leibhéil aitheanta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, ar a n-áirítear 185 mac léinn a d'fhreastail ar Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta i Scoileanna Dara Leibhéil ar fud an Chontae.

Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de ?3.59 milliún i bhfabhar Oiliúnaithe a bhí rannpháirteach sna Cláracha éagsúla faoi Sheirbhísí Breisoideachais agus Oideachas Aosach, macasamhail an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Ógtheamháil/Youthreach agus Ionad Oiliúna Taistealaithe Seanórtha, maraon le réimse leathan cúrsaí curtha ar fáil ar bhonn conartha thar ceann FÁS.


## 8.2 Faisnéis Airgeadais

Tá Iniúchadh na gCuntas do 2010 ar feitheamh agus táthar ag fanacht le deimhniú foirmeálta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá Achoimre na nÍocaíochtaí don bhliain 2010 leagtha amach sa Tábla thíos:

| CLÁR | CAITEACHAS 2010 | |
|---|---|---|
| | ¤000 | % |
| Ginearálta agus Iar-bhunoideachais (Costais reáchtála 15 Scoil agus Coláiste Dara Leibhéal, Ranganna Oíche in Oideachas Aosach agus Oifigí an CGO) | 34,851 | (57.9%) |
| Seirbhísí Breisoideachais & Oideachas Aosaigh (VTOS, Ógtheagmháil, STTC, Litearthacht d'Aosaigh, Oideachas Pobail, Treoirsheirbhís d'Aosaigh, Cúram Páistí, LMESP &rl) | 10,363 | (17.2%) |
| Seirbhísí d'Obair Óige | 733 | (1.2%) |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn (Scoláireachtaí CGO/Deontais PLC) | 5,353 | (8.9%) |
| Tionscadail Féinmhaoinithe | 3,130 | (5.2%) |
| Tionscadail Chaipitiúla | 5,752 | (9.6%) |
| Iomlán | 60,182 | 100% |


**Tábla 8.1 Achoimre ar Íocaíochtaí don bhliain 2010**




**Figiúr 8.1**
**Achoimre ar Íocaíochtaí don bhliain 2010.**

Léiríonn breis anailíse ar Íocaíochtaí na bliana 2010 iad seo a leanas:

| PROGRAMME | 2010 EXPENDITURE | |
|---|---|---|
| Pá | ¤38.44milliún | (63.9%) |
| Neamh-phá | ¤6.32milliún | (10.5%) |
| Liúntais Oiliúnaithe | ¤3.59milliún | (6%) |
| Deontais Tríú Leibhéal/PLC | ¤5.35milliún | (8.9%) |
| Seirbhísí d'Obair Óige | ¤0.73milliún | (1.2%) |
| Tionscadail Chaipitiúla | ¤5.75milliún | (9.5%) |
| Iomlán | ¤60.18milliún | (100%) |




**Figiur 8.2**
**Tuilleadh Anailíse ar na hÍocaíochtaí don Bhliain 2010.**





**Figure 8.3**
**Miondealú Pá do 2010**

## 8.3 Rialachas Corparáideach

Tá glactha ag an CGO le Cód Dea-Chleachtais Rialachais. Tá an Cód atá glactha leis ag teacht leis an Chód atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gCiorclán F11/05. Tá sé mar chuspóir ag an Cód a chinntiú go gcuireann an Coiste Gairmoideachais i bhfeidhm na Prionsabail do Dhea-Chleachtas Rialachais agus Bainistíochta.

Ó thaobh an Airgeadais de, tá cuidiú ar fáil don phróiseas seo siocair gur ceapadh Coiste Iniúchóireachta agus Fochoiste Airgeadais agus go bhfuil Córas éifeachtach do Rialú Inmheánach Airgeadais i bhfeidhm.

## 8.4 Coiste Iniúchóireachta

Tá seachtar Ball Neamfheidhmiúcháin de Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall ar an Choiste Iniúchóireachta, iad go léir neamhspleách ón Bhainistíocht agus faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Jimmy Kavanagh, a toghadh chuig an phost seo ar feadh tréimhse an Choiste reatha. Tá sé de dhualgas ar an Choiste Iniúchóireachta monatóireacht a dhéanamh ar an Fheidhmeannas i gcur i gcrích a gcuid feidhmeanna agus i gcur dearbhú ar fáil don Choiste maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas do Rialú Inmhéanach. Fuair siad tuarascálacha ón Bhainistíocht, ón Iniúchóireacht Sheachtrach, curtha ar fáil ag an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ón Iniúchóireacht Inmheánach, curtha ar fáil ag Aonad na Seirbhísí Gairmthacaíochta (VSSU) ar a n-áirítear athbhreithniú ar na polasaithe agus na gnáthaimh a rialaíonn feidhm an Airgeadais agus feidhmeanna eile. Faigheann an Coiste cóipeanna de Mhiontuairiscí Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus cuirtear iad seo san áireamh i nglacadh le Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais agus ceadú na ngCuntas Bliantúil.

## 8.5 Fochoiste Airgeadais

Tá ochtar comhalta ar an Fhochoiste Airgeadais, ina measc an Príomhfheidhmeannach i ról Ex-Officio. Tá an fochoiste freagrach as athbhreithniú ar Ioncam/Chaiteachas an Choiste Gairmoideachais, mórChonarthaí a bhronann an CGO agus gnéithe airgeadais a bhaineann leis na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse faoi seach. Cuirtear miontuairiscí an Fhochoiste Airgeadais faoi bhráid an Choiste lena machnamh a dhéanamh orthu agus cuidiú leo a dheimhniú go bhfuil na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse á mbaint amach.

## 8.6 Rialiú Inmheánach

Tá freagracht foriomlán ar an Choiste le déanamh cinnte go bhfuil Córas éifeachtach do Rialú Inmheánach Airgeadais coinnithe agus á chur i bhfeidhm. Déanann an Coiste Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú Inmheánach agus ansin faigheann sé Tuarascáil ón Choiste Iniúchóireachta le machnamh a dhéanamh uirthi. Tá an Córas do Rialú Inmheánach Airgeadais bunaithe ar na Gnásanna Riaracháin mionsonraithe atá i bhfeidhm, ar idirdhealú dualgas, údaraithe faoi leith agus ar athbhreithniú míosúil ag an Bhainistíocht agus an Coiste ar thuarascálacha faoi thorthaí Iarbhír agus Buiséadaithe do na Cláracha éagsúla.

# 9. Appendices





# 9.1 Aguisín 1

## 9.1.1. Comhaltaí Choiste Iniúchóireachta CGO Dhún na nGall

Cathaoirleach – An Clr Jimmy Kavanagh

Peter Cutliffe
An Clr Martin Farren
An Clr Dessie Larkin
Francis McDaid,
An Clr Philip McGlynn
An Clr Elizabeth McIntyre

## 9.1.2. Comhaltaí Fhochoiste Airgeadais CGO Dhún na nGall

Cathaoirleach - An Clr Pádraig Ó Dochartaigh

An Clr David Alcorn
An Clr Michelle Bradley
An Clr Joe Doherty
An Clr Ian McGarvey
Bernie Mulhern
Alan Thompson
MaryAnn Kane, Príomhfheidhmeannach (Gníomhach) (Ex-officio)

## 9.1.3. An Bord Oideachais Aosaigh

| | |
|---|---|
| Gerry Bennett | Cumann Phríomhoidí na Meánscoileanna |
| Maureen Kerr | Comhairle Chontae Dhún na nGall (Seirbhís Leabharlainne) |
| Mary Crossan | Ionad Acmhainne Bhaile Suingean & An Carraigín |
| Aideen Doherty | An Bord Forbartha Contae (Aonad Pobail agus Fiontair) |
| Anthony Doogan | Cumann na bPríomhoidí & Leas-Phríomhoidí (PDA |
| Charlie Gallagher | Aontas na bPobalscoileanna & na Scoileanna Cuimsitheacha |
| Colm Gallagher | Ionadaí an CGO |
| Patrick Hannon | SIPTU |
| Edith Marley | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) |
| Lorraine Murray | Ionad Oiliúna FÁS |
| Tom McArdle | An Roinn Gnóthaí Sóisialta & Teaghlaigh |
| James Mc Brearty | Ionadaí an CGO |
| Art Mc Grath | Teagasc |
| Dolores Mhic Ghéidigh | Seirbhís Litearachta Aosaigh CGO Dhún na nGall |
| Alan Ó Baoid | Údarás na Gaeltachta |
| Anne Sheridan | Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte |
| *I láthair* | |
| Cróna Ní Ghallchóir | Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall |
| An Dr Máirtín Ó Garmaile | Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall |
| MaryAnn Kane | Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall |

# 9.2 AGUISÍN II - Scoileanna/Coláistí/Ionaid

## Scoileanna & Coláistí

Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall
Coláiste Ailigh, Leitir Ceannain (Gaelscoil)
Coláiste Chineál Eoghain (Gaelscoil)
Coláiste na Carraige (Gairmscoil na Carraige roimhe seo)
Coláiste Phobail Scoil Cholmcille, Oileán Thoraí (Gaelscoil & Scoil Oileáin)
Coláiste Cranncha, Bun Cranncha
Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth
Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn
Coláiste Gheann Fhinne, Sráth an Urláir
Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir (Gaelscoil)
Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór (Scoil Oileáin)
Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin
Coláiste Pobail Bhun an Phobail
Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach
Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga

## Ionaid Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil (Youthreach)

Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil – Béal Átha Seanaidh
Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil – Bun Cranncha
Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh – Baile Dhún na nGall (Droim Chliabh)
Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh - Baile Dhún na nGall (Ardscoil na gCeithre Máistir)
Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil - Gort a'Choirce
Ionad Oiliúna do Theastálaithe Seanórtha/Ógtheagmháil – Leitir Ceanainn
Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh – Leitir Ceanainn
Ionad Ógtheagmhála – Gleann Gad
Ionad Ógtheagmhála - Leifear
Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh –Baile na nGallóglach

## 9.3 AGUISÍN III – Giorrúcháin & Tagairtí Tábhachtacha

| | |
|---|---|
| Tuismitheoir | ag tagairt do Thuismitheoir nó do Chaomhnóir |
| Mac Léinn | ag tagairt do Dhalta/Mac Léinn/Oiliúnaí/Foghlaimeoir |

| | |
|---|---|
| CEO (PF) | An Príomhfheidhmeannach |
| CDB (BFC) | An Bord Forbartha Contae |
| CPD (FLG) | Forbairt Leanúnach Ghairmiúil |
| BTEI (TFO) | An Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| DES (ROE) | An Roinn Oideachais & Eolaíochta |
| DEIS (SCDS) | Seachadadh ar Chomhionannais Deise i Scoileanna |
| EO (OO) | Oifigeach Oideachais |
| FETAC(CDBOO) | Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais & Oiliúna |
| GCCC | Coiste an Rialtais do Chonarthaí Foirgníochta |
| HACAP | Hawkeye Area Community Action Program, Inc |
| HSE (FSS) | Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte |
| IVEA | Cumann Gairmoideachais na hÉireann |
| JCSP (CSTS) | Clár Scoile don Teastas Sóisearach |
| LCA (ATF) | Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| LCVP | Gairmchlár na hArdteistiméireachta |
| LET | Clár Leárgas |
| LDS | Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna |
| LGBT | An Cumann Leispiach, Aerach, Déghnéasach & Trasinscneach |
| LMESP (SASOC) | Comhpháirtíocht Áitiúil um Sheirbhís Oideachas Ceoil |
| LYIT (ITLC) | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| NBSS (SNTI) | An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NEPS (SNSO) | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| NEWB (BNLO) | An Bord Náisiúnta um Leas Oideachais |
| NUI | Ollscoil Náisiúnta na hÉireann |
| PLC (CIAT) | An Clár iar-Ardteistiméireachta |
| SESS | An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta |
| SDPI | Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile |
| SLSS | An tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal |
| SNA (CRS) | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| SPHE | An Clár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte |
| STTC (IOTS) | Ionad Oiliúna Taistealaithe Seanórtha |
| TLT (OTT) | Oiliúnaí Tríú Leibéil |
| TUI | Aontas Mhúinteoirí Éireann |
| VEC (CGO) | An Coiste Gairmoideachais |
| VTOS (SDOG) | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| WSE (MSU) | Meastóireacht Scoile Uile |

Coiste Gairmoideachais
Chontae Dhún na nGall

County Donegal Vocational
Education Committee

**Oifigí an Choiste**

Ard Uí Dhomhnaill
Leitir Ceanainn
Co Dhún na nGall

T 074 916 1600
F 074 912 2439
info@donegalvec.ie
www.donegalvec.ie

Tuarascáil Bhliantúil 2010 curtha le cheile ag:
Anne McHugh, Jacqui Dillon, An Dr Sandra Buchanan agus Eileen Dennison)